II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/702 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Nollaig 2020

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2195 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar Chiste Sóisialta na hEorpa, maidir le sainmhíniú scálaí caighdeánacha costas aonaid agus cnapshuimeanna le haghaidh aisíocaíocht caiteachais ag an gCoimisiún leis na Ballstáit

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'fhonn úsáid Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a laghdú do thairbhithe, is iomchuí raon feidhme scálaí caighdeánacha costas aonaid agus cnapshuimeanna atá ar fáil le haisíoc leis na Ballstáit a mhéadú. Ba cheart na scálaí caighdeánacha costas aonaid agus cnapshuimeanna le haghaidh aisíocaíochta leis na Ballstáit a bhunú ar bhonn na sonraí arna gcur isteach ag na Ballstáit nó arna bhfoilsiú ag Eurostat agus ar bhonn na modhanna a comhaontaíodh i gcomhpháirt, lena n-áirítear na modhanna a leagtar amach in Airteagal 67(5) agus an ráta comhréidh arna bunú in Airteagal 68b(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(2) Ag cur éagothromaíochtaí suntasacha san áireamh idir na Ballstáit maidir le leibhéal na gcostas i gcomhair cineál oibríochta ar leith, sainmhíniú agus méideanna scálaí caighdeánacha costas aonaid agus na gcnapshuimeanna de réir an chineáil oibríochta agus an Bhallstáit lena mbaineann d'fhonn a sainiúlachtaí a léiriú.

(3) Tá modhanna curtha isteach ag an bhFrainc, an tSeicia, Málta, an Iodáil, an Ghearmáin, an Ostair, an Liotuáin, an Pholainn, an Chipir, an Chróit, agus an Phortaingéil chun na scálaí caighdeánacha costas aonaid reatha a leasú nó scálaí caighdeánacha costas aonaid breise a shainmhíniú le haghaidh aisíocaíochta ag an gCoimisiún a bhaineann le cineálacha oibríochtaí nach gcumhdaítear go fóill sa Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2195 ón gCoimisiún ([3]).

(4) I gcás scálaí caighdeánacha costas aonaid a bhaineann le hoibríochtaí a thacaíonn le seirbhísí oiliúna agus comhairleoireachta agus atá infheidhme maidir le gach Ballstát, ba cheart na méideanna a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hathruithe ar chostais.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 470.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 ina leagtar síos forálacha coitianta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir le Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis an gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

([3]) Ní hann do théacs an Rialacháin seo i nGaeilge.

(5) I gcás oibríochtaí i gcás ina mbíonn tionchar ar fhorfheidhmiú gnímh ag bearta sriantacha arna bhforchuir ag na húdaráis inniúla i mBallstát chun moill a chur ar scaipeadh an choróinvíris, ba cheart coinníollacha a bhunú chun na scálaí caighdeánacha costas aonaid agus cnapshuimeanna a úsáid.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2195 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2195 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

"I gcás nárbh fhéidir na coinníollacha ábhartha le haghaidh aisíocaíochta ag an gCoimisiún mar a shainmhínítear sna hIarscríbhinní a shásamh mar gheall ar na srianta arna bhforchur nó na moltaí arna n-eisiúint ag na húdaráis inniúla sna Ballstáit chun scaipeadh an choróinvíris a mhoilliú, féadfaidh an Coimisiún na Ballstáit a aisíoc bunaithe ar ionchuir, aschuir nó torthaí a baineadh amach trí mhodhanna cianda.

I gcás na n-íocaíochtaí sin dá dtagraítear sa dara mír, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach sna hIarscríbhinní chun rogha costais shimplithe a úsáid do gach cineál oibríochta den chineál céanna faoin gclár oibríochtúil céanna."

(2) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II.

(3) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn III.

(4) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn V.

(5) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VI.

(6) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VIII.

(7) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn X.

(8) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XI.

(9) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XII.

(10) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XIV.

(11) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XV.

(12) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XVI.

(13) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XXI.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 10 Nollaig 2020.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

"IARSCRÍBHINN II

Coinníollacha le haghaidh aisíocaíocht caiteachais ar bhonn scálaí caighdeánacha costas aonaid agus cnapshuimeanna don Fhrainc

1. **Sainmhíniú ar scálaí caighdeánacha costas aonaid**

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (in EUR)
1. 'Garantie Jeunes' arna thacú faoi ais tosaíochta 1 'Accompagner les jeunes NEET vers et dans l'emploi' den chlár oibríochtúil 'PROGRAMME OPÉRATIONNEL NATIONAL POUR LA MISE EN ŒUVRE DE L'INITIATIVE POUR L'EMPLOI DES JEUNES EN METROPOLE ET OUTRE-MER' (CCI-2014FR05M9OP001) agus ais tosaíochta ábhartha an chláir oibríochtúla náisiúnta 'Programme Opérationnel National FSE Emploi et Inclusion 2014-2020' (CCI-2014FR05SFOP001)	Young NEET [1] le toradh dearfach faoi 'Garantie Jeunes' 12 mhí ar a dhéanaí tar éis thús na cóitseála	— -liúntais arna n-íoc leis an rannpháirtí; — -na costais ghníomhachtaithe arna dtabhú ag an 'missions locales'	An líon Young NEET a bhfuil ceann de na torthaí seo a leanas acu 12 mhí ar a dhéanaí tar éis thús na cóitseála: — chuir siad tús le hoiliúint scileanna gairme i dtreo deimhnithe, cibé trí: — tús a chur le foghlaim ar feadh an tsaoil; nó — tús a chur le bunoiliúint; nó — cuideachta a thosú; nó — post a fháil; nó — 80 lá ar a laghad a chaitheamh i dtimpeallacht ghairmiúil (íoctha nó gan íocaíocht)	6 400

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (in EUR)		
				Catagóir	Earnáil	Méid
2. Oiliúint do dhaoine dífhostaithe arna soláthar ag eagraíochtaí oiliúna creidiúnaithe agus arna tacú ag an gClár Oibríochtúil Ile-de-France (CCI 2014FR05M0OP001)	Rannpháirtithe ag a bhfuil toradh rathúil tar éis cúrsa oiliúna.	Costais incháilithe uile na hoibríochta.	An líon rannpháirtithe ag a bhfuil ceann de na torthaí rathúla seo a leanas tar éis cúrsa oiliúna: — fuair siad dioplóma nó deimhniú ar na hinniúlachtaí atá faighte acu ag deireadh a gcúrsa oiliúna; — fuair siad post a mhair mí amháin ar a laghad; — cláraithe ar chúrsa gairmoiliúna breise; — athchláraithe ina gcuraclam scoile roimhe seo tar éis gur cuireadh isteach orthu; nó — fuair siad rochtain ar phróiseas deimhnithe foirmiúil do na hinniúlachtaí a fuair siad. Má fhaigheann rannpháirtí níos mó ná toradh rathúil amháin tar éis an chúrsa oiliúna, ní aisíocfar ach méid amháin as an oiliúint sin.	1	Cúram Sláinte	3 931
					Sábháilteacht earraí agus daoine	
				2	Gníomhaíochtaí cultúrtha, spóirt agus fóillíochta	4 556
					Seirbhísí do dhaoine	
					Láimhseáil ábhar boga	
					Agraibhia, cócaireacht	
					Trádáil agus díolacháin	
					Óstáil, tionscal na n-óstán, lónadóireacht	
					Sláinte agus sábháilteacht ag an obair	
				3	Oiliúint rúnaíochta agus uathoibriú oifige	5 695
					Obair shóisialta	
					Leictreonaic	
					Gruagaireacht, áilleacht agus folláine	
					Cothabháil feithicle agus trealaimh	
					Iompar, láimhseáil, stóráil	

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (in EUR)		
				4	Talmhaíocht	7054
					An comhshaol	
					Oibreacha tógála agus poiblí	
					Teicnící priontála agus foilsitheoireachta	
3. Oiliúint do dhaoine dífhostaithe arna soláthar ag eagraíochtaí oiliúna creidiúnaithe agus arna tacú ag na Cláir Oibríochtúla seo a leanas: Rhône-Alpes (CCI 2014FR16M2OP010) agus Auvergne (CCI 2014FR16M0OP002)	Rannpháirtithe ag a bhfuil toradh rathúil tar éis cúrsa oiliúna.	Costais incháilithe uile na hoibríochta.	An líon rannpháirtithe ag a bhfuil ceann de na torthaí rathúla seo a leanas tar éis cúrsa oiliúna: — fuair siad dioplóma arna fhormhuiniú go hoifigiúil ag eagraíocht ionadaíochta ghairmiúil nó oifig rialtais; — fuair siad deimhniú ar na hinniúlachtaí atá faighte acu ag deireadh a gcúrsa oiliúna; — d'aimsigh siad post; — cláraithe ar chúrsa gairmoiliúna breise; — athchláraithe ina gcuraclam scoile roimhe seo tar éis gur cuireadh isteach orthu; nó — fuair siad rochtain ar phróiseas deimhnithe foirmiúil do na hinniúlachtaí a fuair siad. I gcás chatagóir 5, sa bhreis air sin, an líon rannpháirtithe ag a bhfuil toradh rathúil mar a thuairiscítear thuas atá i dteideal liúntas a fháil ó Réigiún Auvergne-Rhône-Alpes. Má fhaigheann rannpháirtí níos mó ná toradh rathúil amháin tar éis an chúrsa oiliúna, ní aisíocfar ach méid amháin as an oiliúint sin.	Catagóir	Earnáil	Méid
				1	Iompar, lóistíocht agus turasóireacht	4 403
					Baincéireacht, árachas	
					Bainistíocht, riarachán gnó, cruthú fiontar	
					Seirbhísí do dhaoine aonair agus do phobail	
				2	Obair shláinte agus shóisialta, gníomhaíochtaí áineasa, cultúrtha agus spóirt	5 214
					Tionscail na bialainne, na n-óstán agus an bhia	
					Trádáil	
					Láimhseáil ábhar bog agus adhmaid; tionscail ghrafacha	
				3	Oibreacha tógála agus poiblí	7 853
					Tionscail phróiseála	
					Meicnic, miotalóireacht	
					Talmhaíocht, iascaigh	

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (in EUR)		
					Cumarsáid, faisnéis, ealaín agus siamsaíocht	
				4	Cothabháil	9 605
					Leictreachas, leictreonaic	
					TF agus teileachumarsáid	
				5	Liúntais	2 259
4. Oiliúint Cháilitheach agus Ghairmiúil faoin gClár Oibríochtúil 'CSE La Réunion' (CCI 2014FR05SFOP005) – ais tosaíochta 1. Forbairt sochaí bunaithe ar eolas agus atá iomaíoch agus nuálach a chothú.	Soláthar oiliúna i dtreo cáilíochta, scile nó deimhnithe	Costais incháilithe uile na hoibríochta.	An líon míonna in aghaidh an rannpháirtí in oiliúint cháilitheach agus ghairmiúil, lena n-áirítear na míonna sa lárionad oiliúna agus laistigh de chuideachta.	Catagóir A1: 3 131 Catagóir B1: 4 277 Catagóir C1: 2 763 Catagóir D1: 2 470 Catagóir D2: 2 332 Catagóir D3: 3 465 Catagóir E1: 2 841 Catagóir E2: 3 392 Catagóir E3: 2 569 Catagóir F1: 2 319 Catagóir F2: 2 990 Catagóir F3: 2 910 Catagóir G1: 2 381		
5. Gairmoiliúint Aosach Réamhcháilíochta faoin gClár Oibríochtúil CSE La Réunion (CCI 2014FR05SFOP005) – ais tosaíochta 1. Forbairt sochaí bunaithe ar eolas agus atá iomaíoch agus nuálach a chothú.	Soláthar gairmoiliúna chun rochtain a fháil ar oiliúint cháilitheach.	Costais incháilithe uile na hoibríochta.	An líon míonna in aghaidh an rannpháirtí d'oiliúint réamhcháilithe le huasfhad 5 mhí.	Catagóir H1: 2 805		

<table>
<tr><th>An cineál oibríochtaí</th><th>Ainm an táscaire</th><th>Catagóir costas</th><th>Aonad tomhais don táscaire</th><th colspan="3">Méideanna (in EUR)</th></tr>
<tr><td rowspan="8">6. Gairmoiliúint cháilitheach-dheimhnitheach trí sholáthar poiblí faoin gClár Oibríochtúil CSE La Réunion (CCI 2014FR05SFOP005)
— Ais Tosaíochta 1 Forbairt sochaí bunaithe ar eolas agus atá iomaíoch agus nuálach a chothú.
— Ais Tosaíochta 2: Tacú le rochtain ar fhostaíocht trí scileanna agus soghluaisteacht a fhorbairt
— Ais Tosaíochta 3: Ag cur cuimsiú sóisialta chun cinn agus ag comhrac na bochtaineachta trí oiliúint agus tacaíocht phoiblí a láidriú</td><td rowspan="8">Rannpháirtithe ar éirigh leo oiliúint ghairmiúil aonair a chur i gcrích.</td><td rowspan="8">Costais incháilithe uile na hoibríochta.</td><td rowspan="8">An líon rannpháirtithe a bhfuil cáilíocht/deimhniú aitheanta faighte acu laistigh de 4 mhí ó dheireadh na hoiliúna</td><td>Catagóir</td><td>Niveau</td><td>Coût d’unité d’oeuvre</td></tr>
<tr><td>A</td><td>III</td><td>17 509,80</td></tr>
<tr><td>B</td><td>IV</td><td>14 908,87</td></tr>
<tr><td>C</td><td>V</td><td>13 847,37</td></tr>
<tr><td>D</td><td>VI</td><td>9 562,39</td></tr>
<tr><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td rowspan="8">7. Gairmoiliúint sláinte chéimí faoin gClár Oibríochtúil CSE La Réunion (CCI 2014FR05SFOP005)
— Ais Tosaíochta 1 Forbairt sochaí bunaithe ar eolas agus atá iomaíoch agus nuálach a chothú.</td><td rowspan="8">Rannpháirtithe ar éirigh leo an ghairmoiliúint sláinte a chur i gcrích (²).</td><td rowspan="8">Costais incháilithe uile na hoibríochta</td><td rowspan="8">An líon rannpháirtithe ar éirigh leo a mbliain oiliúna a chur i gcrích (ag dul ar aghaidh chuig bliain níos airde nó ag baint céime amach).</td><td></td><td>Cód</td><td>Méid (luach 2017)</td></tr>
<tr><td colspan="3">Dioplóma Stáit mar chúramóir</td></tr>
<tr><td>Tosaigh</td><td>AS-INIT</td><td>6 150,99</td></tr>
<tr><td>Páirteach</td><td>AS-PART</td><td>3 444,55</td></tr>
<tr><td colspan="3">Dioplóma Stáit mar altra</td></tr>
<tr><td>Bliain 1</td><td>IFSI-A1</td><td>9 038,52</td></tr>
<tr><td>Bliain 2</td><td>IFSI-A2</td><td>7 341,99</td></tr>
<tr><td>Bliain 3</td><td>IFSI-A3</td><td>5 620,57</td></tr>
</table>

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (in EUR)		
				Dioplóma Stáit mar chnáimhseach		
				Bliain 1	CSE-A1	15 752,29
				Bliain 2	CSE-A2	9 878,55
				Bliain 3	CSE-A3	11 038,54
				Bliain 4	CSE-A4	5 318,95
				Dioplóma Stáit mar thiománaí otharchairr	IFA-AMB	5 886,73
				Dioplóma Stáit mar Chúntóir Cúraim Leanaí	IFAP	8 102,58
				Dioplóma Stáit mar Chúramóir Leanaí	EP	12 173,43
				Dioplóma Stáit mar Theiripeoir Saothair		
				Bliain 1	IRFE-A1	12 570,94
				Bliain 2	IRFE-A2	7 557,72
				Bliain 3	IRFE-A3	6 611,51
				Dioplóma Stáit i bhfisiteiripe shuathaireachta		
				Bliain 1	IFMK-A1	5 761,21
				Bliain 2	IFMK-A2	4 638,97
				Bliain 3	IFMK-A3	4 783,31
				Bliain 4	IFMK-A4	4 493,41

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (in EUR)		
				Dioplóma Stáit mar speisialtóir sícealuaile		
				Bliain 1	IRFP-A1	9 504,44
				Bliain 2	IRFP-A2	8 650,03
				Bliain 3	IRFP-A3	6 008,29
8. Gairmoiliúint shóisialta dheimhnithe (‘formations sociales diplômantes’) faoi Ais Tosaíochta 1 den Chlár Oibríochtúil CSE La Réunion (CCI 2014FR05SFOP005)	Rannpháirtithe ar éirigh leo a gcúrsa gairmoiliúna sóisialta deimhnithe a chur i gcrích. (‘formation sociale diplômante’).	Costais incháilithe uile na hoibríochta cé is moite de chostas na scoláireachtaí a bhronntar ar oiliúnaithe.	An líon rannpháirtithe ar éirigh leo a gcúrsa oiliúna a bhaint amach (ag dul ar aghaidh chuig bliain níos airde nó ag baint céime amach).		**Cód**	**Méid (luach 2018)**
				Dioplóma Stáit i dTacaíocht Oideachais agus Shóisialta		
					DEAES	9 043,59
				Dioplóma Stáit i gCóitseáil Oideachais nó mar Theagascóir (‘Moniteur Educateur’)		
				Bliain 1	DEME-A1	10 194,59
				Bliain 2	DEME-A2	8 061,43
				Dioplóma Stáit le haghaidh Teicneoir Idirghabhála Sóisialta agus Teaghlaigh (‘Technicien de l’Intervention Sociale et Familiale’)		
				Bliain 1	DETISF-A1	8 189,31
				Bliain 2	DETISF-A2	6 217,46
				Dioplóma Stáit le haghaidh Comhairleoir Eacnamaíoch Sóisialta agus Teaghlaigh (‘Conseiller en Economie Sociale et Familiale’)		
					DECESF	17 432,37
				Dioplóma Stáit mar Oideachasóir Speisialaithe (‘Educateur Specialisé’)		
				Bliain 1	DEESP-A1	11 633,23
				Bliain 2	DEESP-A2	6 496,24
				Bliain 3	DEESP-A3	3 505,95

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (in EUR)		
				Dioplóma Stáit mar Oideachasóir Teicniúil Speisialaithe ('Educateur Technique Spécialisé')		
				Bliain 1	DEETS-A1	10 475,28
				Bliain 2	DEETS-A2	2 868,11
				Bliain 3	DEETS-A3	3 652,13
				Dioplóma Stáit mar Oideachasóir Speisialaithe do Leanaí Óga ('Educateur Spécialisé de Jeunes Enfants')		
				Bliain 1	DEEJE-A1	13 549,77
				Bliain 2	DEEJE-A2	7 511,02
				Bliain 3	DEEJE-A3	3 575,18
				Dioplóma Stáit mar Chúntóir Seirbhíse Sóisialta ('Assistant de Service Social')		
				Bliain 1	DEASS-A1	13 496,57
				Bliain 2	DEASS-A2	8 978,26
				Bliain 3	DEASS-A3	6 307,24
9. Gairmoiliúint dheimhnithe EGC faoi Ais Tosaíochta 1 den Chlár Oibríochtúil CSE La Réunion (CCI 2014FR05SFOP005)	Rannpháirtithe ar éirigh leo a n-oiliúint ghairmiúil aonair a chur i gcrích.	Costais incháilithe uile na hoibríochta cé is moite de chostas na scoláireachtaí a bhronntar ar oiliúnaithe agus gan ioncaim san áireamh.	An líon rannpháirtithe ar éirigh leo a mbliain oiliúna a chur i gcrích (ag dul ar aghaidh chuig bliain níos airde nó ag baint céime amach).	EGCR -Bliain 1: EUR 12 046,75 EGCR -Bliain 2: EUR 12 144,59 EGCR -Bliain 3: EUR 6 866,13		

(1) Duine óg nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna ach a ghlacann páirt in oibríocht arna tacú ag an 'PROGRAMME OPÉRATIONNEL NATIONAL POUR LA MISE EN ŒUVRE DE L'INITIATIVE POUR L'EMPLOI DES JEUNES EN METROPOLE ET OUTRE-MER'

(2) Is féidir an dioplóma a fhail laistigh de 13 mhí tar éis dheireadh na hoiliúna, fad a dtairgtear seisiúin feabhais do mhic léinn.

2. **Coigeartú méideanna**

Tá méid chostas aonaid 1. bunaithe i bpáirt ar scála caighdeánach costas aonaid arna mhaoiniú ina iomláine ag an bhFrainc. As an EUR 6 400, comhfhreagraíonn EUR 1 600 don scála caighdeánach costas aonaid a leagtar amach san 'instruction ministérielle du 11 octobre 2013 relative à l'expérimentation Garantie Jeunes prise pour l'application du décret 2013-80 du 1er octobre 2013 ainsi que par l'instruction ministérielle du 20 mars 2014' chun na costais a iompraíonn Seirbhísí Fostaíochta Poiblí don Óige 'Missions Locales' a chumhdach chun gach NEET atá ag iontráil 'Garantie Jeunes' a chóitseáil.

Tabharfaidh an Ballstát costas aonaid 1. cothrom le dáta i gcomhréir le coigeartuithe faoi na rialacha náisiúnta leis an scála caighdeánach costas aonaid EUR 1 600 a luaitear i mír 1 thuas a chumhdaíonn na costais a iompraíonn na Seirbhísí Fostaíochta Poiblí don Óige.

Tá méid chostas aonaid 2. agus 3. bunaithe ar phraghsanna a sholáthraítear go poiblí maidir le huaireanta oiliúna sna réimsí agus sna limistéir thíreolaíocha faoi seach. Coigeartófar na méideanna sin i gcás ina ndéantar an próiseas soláthair do na cúrsaí oiliúna foluiteacha arís de réir na foirmle seo a leanas:

Praghas nua (gan CBL san áireamh) = Seanphraghas (gan CBL san áireamh) × (0,5 + 0,5 × Sr/So)

Innéacs is ea Sr ar dhaoine fostaithe INSEE (aitheantóir 1 567 446) ar an bhfoilseachán míosúil deireanach ar dháta an choigeartaithe

Innéacs is ea So ar dhaoine fostaithe INSEE (aitheantóir 1 567 446) ar an bhfoilseachán míosúil ar an dáta a cuireadh an tairiscint isteach don chéad choigeartú ansin, do na coigeartuithe ina dhiaidh sin, d'fhoilseachán míosúil dháta cothrom lae an tairiscint a chur isteach

Is féidir méideanna na gcostas aonaid 4, 5, 7, 8 agus 9 a choigeartú bunaithe ar an ráta boilscithe Athaontaithe (innéacs INSEE) – bliain thagartha 2017 i gcás chostais aonaid 4, 5 agus 7; bliain thagartha 2018 i gcás chostais aonaid 8 agus 9.

Is féidir na méideanna do chostais aonaid 6 a choigeartú de réir an tsásra athbhreithnithe praghais i gcás athnuachan na tairisceana don Réigiún Athaontaithe. Tugtar méideanna na scálaí cothrom le dáta go bliantúil, amhail an 1 Eanáir N ar bhonn an innéacs is déanaí a bhfuil eolas air, de réir na foirmle seo a leanas:

Foirmle athbhreithnithe scála: B - B0 (Im/I0)

B - méid scála athbhreithnithe N

B0 - méid an scála tosaigh (N-1).

I0 - luach tagartha, luach deiridh innéacs SYNTEC a bhfuil eolas air amhail 1 Eanáir N-1

Im - I0 - 12 mhí

Déanfar na ríomhanna idirmheánacha go ceithre ionad dheachúlacha, an scála comhdhéanta de dhá dheachúil agus an chomhéifeacht infheidhme slánaithe P0, más ann d'aon cheann ag an míliú bairr.

Is ionann scála BSCU roghnaithe agus luach 2017. Is é 2017 mar sin an bhliain tagartha mar phointe tosaigh don innéacsú.

Baineann innéacsú le cúrsaí a thosaigh i mbliain N.

3. **Sainmhíniú ar chnapshuimeanna**

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (in EUR)
Cúnamh Teicniúil Ais tosaíochta 4 2014FR05SFOP001 OP CSE Ais tosaíochta 2 2014FR05M9OP001 OP TFAO	Caiteachas foriomlán nua a áiríodh in iarratas ar íocaíocht. (i.e. an caiteachas incháilithe foriomlán áirithe in iarratas ar íocaíocht nár cuireadh san áireamh go fóill agus tráthchuid EUR 100 000 á ríomh).	Na costais incháilithe uile.	Tráthchodanna EUR 100 000 de chaiteachas foriomlán nua áirithe in iarratas ar íocaíocht arna gcur isteach chuig an gCoimisiún Eorpach go dtí go sroichtear an t-uasmhéid buiséadaithe faoi ais tosaíochta an chúnaimh theicniúil.	3 716,64”

IARSCRÍBHINN II

"IARSCRÍBHINN III

Coinníollacha le haghaidh aisíocaíocht caiteachais ar bhonn scálaí caighdeánacha costas aonaid don tSeicia

1. **Sainmhíniú ar scálaí caighdeánacha costas aonaid**

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas ([1])	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (san airgeadra náisiúnta CZK mura luaitear a mhalairt)
1. Bunú saoráid nua chúraim leanaí faoi Ais Tosaíochta 1 den Chlár Oibríochtúil Fostaíochta (2014CZ05M9OP001) agus Ais Tosaíochta 4 den Chlár Oibríochtúil Pol Fáis Phrág (2014CZ16M2OP001)	Áit nuachruthaithe i saoráid chúraim leanaí	— ceannachán trealaimh do shaoráid chúraim leanaí; — bainistíocht céime tionscadail dírithe ar an tsaoráid a chruthú.	An líon áiteanna nuachruthaithe i saoráid chúraim leanaí ([2])	20 544 CBL san áireamh, nó 17 451 CBL eis.
2. Tiontú saoráide reatha ina ghrúpa leanaí faoi Ais Tosaíochta 1 den Chlár Oibríochtúil Fostaíocht (2014CZ05M9OP001) agus Ais Tosaíochta 4 den Chlár Oibríochtúil Pol Fáis Phrág (2014CZ16M2OP001)	Áit tiontaithe ina ghrúpa leanaí ([3])	— ceannachán trealaimh do shaoráid thiontaithe; — ceannachán áiseanna teagaisc; — bainistíocht céime tionscadail dírithe ar an tsaoráid a thiontú	An líon áiteanna tiontaithe i ngrúpa leanaí ([4])	9 891 CBL san áireamh, nó 8 642 CBL eis.
3. Saoráid chúraim leanaí a oibriú faoi Ais Tosaíochta 1 den Chlár Oibríochtúil Fostaíocht (2014CZ05M9OP001) agus Ais Tosaíochta 4 den Chlár Oibríochtúil Pol Fáis Phrág (2014CZ16M2OP001)	Áitíocht in aghaidh na háite i saoráid chúraim leanaí	— tuarastail na foirne teagaisc agus neamhtheagaisc, — oibríocht na saoráide cúraim leanaí, — bainistíocht na hoibríochta	Ráta áitíochta ([5])	730 ([6])

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas ([1])	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (san airgeadra náisiúnta CZK mura luaitear a mhalairt)
4. Uas-sciliú cúramóirí faoi Ais Tosaíochta 1 den Chlár Oibríochtúil Fostaíocht (2014CZ05M9OP001) agus Ais Tosaíochta 4 den Chlár Oibríochtúil Pol Fáis Phrág (2014CZ16M2OP001)	Baint amach cáilíocht mar chúramóir i saoráid chúraim leanaí	— oiliúint agus scrúdú le haghaidh cáilíocht ghairmiúil	An líon daoine a bhaineanna deimhniú cáilíochta gairmiúla amach mar chúramóir i saoráid chúraim leanaí	14 760
5. Léas áitreabh le haghaidh saoráidí cúraim leanaí faoi Ais Tosaíochta 1 den Chlár Oibríochtúil Fostaíocht (2014CZ05M9OP001) agus Ais Tosaíochta 4 den Chlár Oibríochtúil Pol Fáis Phrág (2014CZ16M2OP001)	Áitíocht in aghaidh na háite i saoráid chúraim leanaí	— Cíos trealaimh le haghaidh saoráid chúraim leanaí	Ráta áitíochta ([7]).	64 ([8])
6. Oiliúint ghairmiúil bhreise sheachtrach fostaithe faoi Ais Tosaíochta 1 den Chlár Oibríochtúil Fostaíocht (2014CZ05M9OP001)	Uair an chloig (60 nóiméad) de rannpháirtíocht fostaí i gcúrsa oiliúna seachtrach maidir le teicneolaíochtaí faisnéise (TF) ginearálta	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear: — Costais dhíreacha a bhaineann le hoiliúint a sholáthar; — Costais indíreacha; — Pá do rannpháirtithe.	An líon uaireanta a cuireadh i gcrích in aghaidh an fhostaí.	324
7. Oiliúint ghairmiúil bhreise sheachtrach fostaithe faoi Ais Tosaíochta 1 den Chlár Oibríochtúil Fostaíocht (2014CZ05M9OP001)	Uair an chloig (60 nóiméad) de rannpháirtíocht fostaí i gcúrsa oiliúna seachtrach maidir le scileanna boga agus bainistíochta	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear: — Costais dhíreacha a bhaineann le hoiliúint a sholáthar; — Costais indíreacha; — Pá do rannpháirtithe.	An líon uaireanta a cuireadh i gcrích in aghaidh an fhostaí.	593

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas [1]	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (san airgeadra náisiúnta CZK mura luaitear a mhalairt)
8. Oiliúint ghairmiúil bhreise sheachtrach fostaithe faoi Ais Tosaíochta 1 den Chlár Oibríochtúil Fostaíocht (2014CZ05M9OP001)	Uair an chloig (60 nóiméad) de rannpháirtíocht fostaí i gcúrsaí oiliúna seachtracha teanga	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear: — Costais dhíreacha a bhaineann le hoiliúint a sholáthar; — Costais indíreacha; — Pá do rannpháirtithe.	An líon uaireanta a cuireadh i gcrích in aghaidh an fhostaí	230
9. Oiliúint ghairmiúil bhreise sheachtrach fostaithe faoi Ais Tosaíochta 1 den Chlár Oibríochtúil Fostaíocht (2014CZ05M9OP001)	Uair an chloig (60 nóiméad) de rannpháirtíocht fostaí i gcúrsa oiliúna i TF speisialtóra	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear: — Costais dhíreacha a bhaineann le hoiliúint a sholáthar; — Costais indíreacha; — Pá do rannpháirtithe.	An líon uaireanta a cuireadh i gcrích in aghaidh an fhostaí	609
10. Oiliúint ghairmiúil bhreise sheachtrach fostaithe faoi Ais Tosaíochta 1 den Chlár Oibríochtúil Fostaíocht (2014CZ05M9OP001)	Uair an chloig (60 nóiméad) de rannpháirtíocht fostaí i gcúrsa oiliúna seachtrach maidir le cuntasaíocht, eacnamaíocht agus dlí	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear: — Costais dhíreacha a bhaineann le hoiliúint a sholáthar; — Costais indíreacha; — Pá do rannpháirtithe.	An líon uaireanta a cuireadh i gcrích in aghaidh an fhostaí	436
11. Oiliúint ghairmiúil bhreise sheachtrach fostaithe faoi Ais Tosaíochta 1 den Chlár Oibríochtúil Fostaíocht (2014CZ05M9OP001)	Uair an chloig (60 nóiméad) de rannpháirtíocht fostaí in oiliúint theicniúil sheachtrach agus oiliúint ghairmiúil eile	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear: — Costais dhíreacha a bhaineann le hoiliúint a sholáthar; — Costais indíreacha; — Pá do rannpháirtithe.	An líon uaireanta a cuireadh i gcrích in aghaidh an fhostaí	252

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas ([1])	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (san airgeadra náisiúnta CZK mura luaitear a mhalairt)
12. Oiliúint ghairmiúil ([9]) bhreise inmheánach fostaithe faoi Ais Tosaíochta 1 den Chlár Oibríochtúil Fostaíocht (2014CZ05M9OP001)	Uair an chloig (60 nóiméad) de rannpháirtíocht fostaí i gcúrsa oiliúna arna sholáthar ag oiliúnóir inmheánach i gceann ar bith de na réimsí seo a leanas: — teicneolaíochtaí faisnéise (TF) ginearálta — scileanna boga agus bainistíochta — teangacha — TF speisialtóra — cuntasaíocht, eacnamaíocht agus dlí — teicniúil agus gairmiúil eile.	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear: — Costais dhíreacha foirne; — Costais indíreacha; — Pá do rannpháirtithe.	An líon uaireanta a cuireadh i gcrích in aghaidh an fhostaí	144
13. Tacaíocht arna soláthar ag pearsanra neamhbhuan do shaoráid scoile/oideachais faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	0.1 de choibhéis lánaimseartha (FTE) oibrithe mar shíceolaí scoile agus/nó oideolaí scoile speisialaithe in aghaidh na míosa	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne	An líon 0.1 FTE arna n-oibriú in aghaidh na míosa	5 871
14. Tacaíocht arna soláthar ag pearsanra neamhbhuan do shaoráid scoile/oideachais faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	0.1 FTE oibrithe mar chúntóir scoile agus/nó oideolaí sóisialta in aghaidh na míosa.	Na costais incháilithe ar fad, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne	An líon 0.1 FTE arna n-oibriú in aghaidh na míosa	Cúntóir scoile: 3 617 Oideolaí sóisialta: 4 849

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas ([1])	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (san airgeadra náisiúnta CZK mura luaitear a mhalairt)
15. Tacaíocht arna soláthar ag pearsanra neamhbhuan do shaoráid scoile/oideachais faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	0.1 FTE oibrithe mar fheighlí linbh in aghaidh na míosa	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne.	An líon 0.1 FTE arna n-oibriú in aghaidh na míosa	3 402
16. Soláthar gníomhaíocht seach-churaclaim do leanaí/daltaí atá i mbaol teipe ón scoil faoi Ais Tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001) agus Ais Tosaíochta 4 den Chlár Oibríochtúil Pol Fáis Phrág (2014CZ16M2OP001)	Soláthar bloc 16 cheacht de ghníomhaíochtaí seach-churaclaim a mhaireann 90 nóiméad in aghaidh an cheachta, á soláthar do ghrúpa ina bhfuil 6 leanaí/daltaí ar a laghad a bhfuil 2 díobh i mbaol teipe ón scoil.	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne.	An líon bloc 16 cheacht a mhaireann 90 nóiméad in aghaidh an cheachta a cuireadh i gcrích, á soláthar do ghrúpa ina bhfuil 6 leanaí/daltaí ar a laghad a bhfuil 2 díobh i mbaol teipe ón scoil a cuireadh i gcrích.	17 833
17. Tacú le daltaí atá i mbaol teipe ón scoil trí theagasc faoi Ais Tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001) agus Ais Tosaíochta 4 den Chlár Oibríochtúil Pol Fáis Phrág (2014CZ16M2OP001)	Soláthar bloc 16 uair an chloig de theagasc do ghrúpa ina bhfuil 3 daltaí cláraithe ar a laghad atá i mbaol teipe ón scoil.	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne.	An líon bloc 16 uair an chloig a cuireadh i gcrích, arna soláthar do ghrúpa ina bhfuil 3 daltaí cláraithe ar a laghad atá i mbaol teipe ón scoil.	8 917

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas ([1])	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (san airgeadra náisiúnta CZK mura luaitear a mhalairt)
18. Forbairt ghairmiúil oideolaithe trí chúrsaí oiliúna struchtúrtha faoi Ais Tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001) agus Ais Tosaíochta 4 den Chlár Oibríochtúil Pol Fáis Phrág (2014CZ16M2OP001)	Uaireanta oiliúna gairmiúla arna soláthar d'oideolaithe.	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha a bhaineann le hoiliúint a sholáthar.	An líon uaireanta oiliúna a cuireadh i gcrích in aghaidh an oideolaí	1) **435** le haghaidh oiliúna laistigh d'am ranga tráthrialta 2) **170** le haghaidh oiliúna lasmuigh d'am ranga tráthrialta
19. Soláthar faisnéise do thuismitheoirí trí chruinnithe faoi Ais Tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001) agus Ais Tosaíochta 4 den Chlár Oibríochtúil Pol Fáis Phrág (2014CZ16M2OP001)	Cruinniú téamach le 8 tuismitheoirí ar a laghad ar feadh 2 uair an chloig (120 nóiméad) ar a laghad.	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne.	An líon cruinnithe téamacha le 8 tuismitheoirí ar a laghad ar feadh 2 uair an chloig (120 nóiméad) ar a laghad	3 872
20. Forbairt ghairmiúil oideolaithe i scoileanna agus i saoráidí oideachais faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Bloc 30 uair an chloig de mheantóireacht/chóitseáil sheachtrach do ghrúpa ina bhfuil idir 3 agus 8 oideolaithe.	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne.	An líon bloc 30 uair an chloig de mheantóireacht/chóitseáil sheachtrach do ghrúpa ina bhfuil idir 3 agus 8 oideolaithe a cuireadh i gcrích.	31 191
21. Forbairt ghairmiúil oideolaithe i scoileanna agus i saoráidí oideachais faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Timthriall oiliúna 15 uair an chloig de scáthfhoghlaim struchtúrtha ag oideolaí	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne.	An líon cúrsaí oiliúna 15 uair an chloig in aghaidh an oideolaí ag tabhairt faoi chuairt struchtúrtha ar oideolaí eile i scoil eile a cuireadh i gcrích.	4 505

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas ([1])	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (san airgeadra náisiúnta CZK mura luaitear a mhalairt)
22. Forbairt ghairmiúil oideolaithe i scoileanna agus i saoráidí oideachais faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Timthriall 10 n-uair an chloig d'oiliúint trí chomhar frithpháirteach lena mbaineann grúpa ina bhfuil triúr oideolaithe ar a laghad.	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne.	An líon timthriallacha 10 n-uair an chloig lena mbaineann grúpa ina bhfuil triúr oideolaithe ar a laghad a cuireadh i gcrích.	8 456
23. Forbairt ghairmiúil na foirne teagaisc i scoil/saoráid oideachais faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Comhcheacht ([10]) 2.75 uair an chloig.	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne:	An líon comhcheachtanna a cuireadh i gcrích	815
24. Forbairt ghairmiúil oideolaithe i scoil/saoráid oideachais faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Timthriall 19 n-uair an chloig de chomhar agus foghlaim fhrithpháirteach lena mbaineann saineolaí agus beirt oideolaithe.	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne.	An líon timthriallacha 19 n-uair an chloig lena mbaineann saineolaí agus beirt oideolaithe eile a cuireadh i gcrích.	5 637
25. Seirbhísí comhairleoireachta gairme i scoileanna agus comhar idir scoileanna agus fostóirí faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	0.1 FTE oibrithe in aghaidh na míosa ag comhairleoir gairme agus/nó comhordaitheoir an chomhair idir scoil agus fostaithe.	Na costais incháilithe ar fad, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne	An líon 0.1 FTE arna n-oibriú in aghaidh na míosa	4 942
26. Forbairt ghairmiúil oideolaithe i scoil/saoráid oideachais faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Timthriall oiliúna 8.5 uair an chloig lena mbaineann scáthfhoghlaim struchtúrtha ag oideolaí agus meantóir.	Na costais incháilithe ar fad, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne	An líon timthriallacha oiliúna 8.5 uair an chloig in aghaidh na cuairte struchtúrtha ar institiúid/chuideachta/shaoráid a cuireadh i gcrích.	2 395

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas [1]	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (san airgeadra náisiúnta CZK mura luaitear a mhalairt)		
27. Forbairt ghairmiúil inniúlachta oideolaithe faoi Ais Tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001) agus Ais Tosaíochta 4 den Chlár Oibríochtúil Pol Fáis Phrág (2014CZ16M2OP001)	Timthriall 3.75 uair an chloig nó 4 thimthriall 3.75 uair an chloig lena mbaineann oideolaí agus saineolaí/teicneoir TFC.	Na costais incháilithe ar fad, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne	An líon timthriallacha 3.75 uair an chloig lena mbaineann oideolaí agus saineolaí/teicneoir TFC a cuireadh i gcrích.	Timthriall amháin: 1 103 Ceithre Thimthriall: 4 412		
28. Soghluaisteacht taighdeoirí faoi Ais tosaíochta 2 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001).	Míonna soghluaisteachta in aghaidh an taighdeora.	Costais incháilithe uile na hoibríochta.	An líon míonna soghluaisteachta in aghaidh an taighdeora.	**Comhpháirteanna**	**Méid** [11] **(EUR)**	
				Liúntas Maireachtála (le haghaidh soghluaisteacht ag teacht isteach chuig CZ)	**Sóisearach**	2 674
					Sinsearach	3 990
				Ríomhfar na méideanna don Liúntas Maireachtála le haghaidh soghluaisteacht amach ó CZ trí na méideanna don tsoghluaisteacht isteach a mhéadú faoin gcomhéifeacht cheartúcháin ábhartha i bpointe 3 thíos, ag brath ar an tír chinn scríbe.		
				Liúntas soghluaisteachta		600
				Liúntas teaghlaigh		500
				Costais taighde, oiliúna agus líonraithe		800
				Costais bhainistíochta agus costais indíreacha		650

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas ([1])	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (san airgeadra náisiúnta CZK mura luaitear a mhalairt)
29. Tacú le daltaí ag a bhfuil máthairtheanga éagsúil, múinteoirí nó tuismitheoirí trí chúnamh ó Oibrí Idirchultúrtha nó Cúntóir Dátheangach faoi Ais Tosaíochta 4 den Chlár Oibríochtúil Pol Fáis Phrág (2014CZ16M2OP001).	1) 0.1 FTE oibrithe in aghaidh na míosa ag Oibrí Idirchultúrtha ([12]) nó Cúntóir Dátheangach. 2) Uair an chloig (60 nóiméad) oibrithe ag Oibrí Idirchultúrtha ([13]).	Costais incháilithe uile na hoibríochta.	1) An líon 0.1 FTE oibrithe ag Oibrí Idirchultúrtha nó Cúntóir Dátheangach in aghaidh na míosa. 2) An líon uaireanta oibrithe ag Oibrí Idirchultúrtha.	1) Oibrí Idirchultúrtha: 5 373 Cúntóir Dátheangach: 4 464 2) Oibrí Idirchultúrtha: 308
30. Tionscadail soghluaisteachta trasnáisiúnta maidir le hoiliúint foirne oideachais faoi Ais Tosaíochta 4 ‘Oideachas agus foghlaim agus tacaíocht Fostaíochta’ den Chlár Oibríochtúil Pol Fáis Phrág (2014CZ16M2OP001).	Tréimhse oiliúna 4 lá don fhoireann oideachais i scoil i Stát Eorpach eile atá comhdhéanta de 24 uair an chloig ar a laghad de ghníomhaíochtaí oideachais.	Costais incháilithe uile na hoibríochta, arb iad: 1) Tuarastail do rannpháirtithe; 2) Costais bainteach leis an oiliúint a eagrú sa scoil óstach agus seolta. 3) Costais taistil agus chothaithe;	An líon tréimhsí oiliúna 4 lá ar ghlac an fhoireann oideachais i scoil i Stát Eorpach eile páirt iontu.	1) 5 087 2) EUR 350 3) Maidir leis na méideanna seo as gach tréimhse oiliúna 4 lá, is féidir méid a chur leo in aghaidh an rannpháirtí chun costais taistil agus chothabhála a chumhdach mar a leanas:

Costais taistil ag brath ar fhad mar a leanas ([14]):	**Méid**
10 – 99 km:	EUR 20
100 – 499 km:	EUR 180
500 – 1 999 km:	EUR 275
2 000 – 2 999 km:	EUR 360
3 000 - 3 999 km:	EUR 530
4 000 - 7 999 km:	EUR 820
8 000 km agus os a chionn:	EUR 1 300

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas ([1])	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (san airgeadra náisiúnta CZK mura luaitear a mhalairt)	
				Costais chothabhála, ag brath ar an tír mar a leanas:	**Méid**
				An Danmhairg, Éire, An Iorua, An tSualainn, An Ríocht Aontaithe	EUR 448
				An Bheilg, An Bhulgáir, An Ghréig, An Fhrainc, An Iodáil, An Chipir, Lucsamburg, An Ungáir, An Ostair, An Pholainn, An Rómáin, An Fhionlainn,	EUR 392
				An Ghearmáin, An Spáinn, An Laitvia, Málta, An Phortaingéil, An tSlóvaic,	EUR 336
				An Eastóin, An Chróit, An Liotuáin, An tSlóivéin.	EUR 280
31. Scileanna teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide (TFC) daltaí agus foirne a fhorbairt i scoileanna/saoráidí oideachais faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Ceacht 45 nóiméad ag baint úsáid as uirlisí TFC, le 10 daltaí ar a laghad a bhfuil triúr díobh ar a laghad i mbaol teipe ón scoil.	Costais incháilithe uile na hoibríochta, lena n-áirítear costais dhíreacha TFC agus costais dhíreacha foirne	An líon ceachtanna 45 nóiméad, le 10 daltaí ar a laghad a bhfuil triúr díobh ar a laghad i mbaol teipe ón scoil.	2 000	
32. Forbairt ghairmiúil na foirne teagaisc faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Lá tionscadail a chuimsíonn comhtheagasc ag an bhfoireann teagaisc agus saineolaí seachtrach	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais taistil agus costais dhíreacha foirne	An líon laethanta tionscadail ar chomhtheagasc, a shásaíonn na riachtanais seo a leanas: — comhdhéanta de 4 cheacht 45 nóiméad an ceann de theagasc taobh amuigh den ghnáth-thimpeallacht scoile — do ghrúpa ina bhfuil 10 daltaí ar a laghad, a bhfuil ar a laghad triúr díobh i mbaol teipe ón scoil, le 60 nóiméad ar a laghad d'ullmhú agus machnamh comhpháirteach á chomhlánú	6 477	

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas ([1])	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (san airgeadra náisiúnta CZK mura luaitear a mhalairt)
33. Oiliúint ar fhoireann oideachais trí shoghluaisteacht thrasnáisiúnta faoi Ais Tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Cúrsaí oiliúna múinteora nó ábhar oide i scoil i mBallstát eile an Aontais nó an clár Erasmus+ neamh-Aontais ina bhfuil 6 uair an chloig de ghníomhaíochtaí sonracha in aghaidh an lae.	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais taistil agus costais dhíreacha foirne 1) Tuarastail do rannpháirtithe ar múinteoirí iad; 2) Costais bainteach leis an oiliúint a eagrú sa scoil óstach agus seolta. 3) Costais taistil agus chothaithe;	An líon cúrsaí oiliúna den fhoireann teagaisc ag scoileanna i dtír eile an Aontais nó i dtír den chlár Erasmus+ neamh-Aontais. D'fhéadfadh cúrsa oiliúna a bheith chomhdhéanta de lá amháin nó roinnt laethanta oiliúna 6 uair an chloig de ghníomhaíochtaí sonracha.	1) CZK 1 388 (in aghaidh an lae) 2) EUR 350 (in aghaidh an chúrsa oiliúna) 3) Costais taistil agus chothaithe

Costais taistil in aghaidh an dé-aistir ag brath ar fhad mar a leanas ([15]):	**Méid**
10 – 99 km:	EUR 20
100 – 499 km:	EUR 180
500 – 1999 km:	EUR 275
2 000 – 2 999 km:	EUR 360
3 000 - 3 999 km:	EUR 530
4 000 - 7 999 km:	EUR 820
8 000 km agus os a chionn:	EUR 1 300
Costais chothabhála, ag brath ar an tír agus an líon laethanta mar a leanas:	**Méid**
An Danmhairg, Éire, An Iorua, An tSualainn, An Ríocht Aontaithe, An Fhionlainn, Lucsamburg, An Íoslainn, Lichtinstéin	EUR 153/in aghaidh an lae (1. – 14. lá), EUR 107 (15.-60. lá).
An Ísiltír, an Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Spáinn, an Chipir, an Ghréig, Málta, an Phortaingéil….	EUR 136/in aghaidh an lae (1. – 14. lá), EUR 95 (15.-60. lá).

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas ([1])	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (san airgeadra náisiúnta CZK mura luaitear a mhalairt)	
				An tSlóivéin, An Eastóin, An Laitvia, An Chróit, An tSlóvaic, an Liotuáin, an Tuirc, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin, an Bhulgáir, Poblacht na Macadóine Thuaidh	EUR 119/in aghaidh an lae (1. – 14. lá), EUR 83 (15.-60. lá).
34. Comhar i measc eagraíochtaí taighde agus eintitis eile faoi Ais tosaíochta 2 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Intéirneachtaí agus oiliúint phraiticiúil in eagraíochtaí taighde agus comhar bainteach i measc eagraíochtaí taighde.	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais taistil agus costais dhíreacha foirne	An líon laethanta oibre in eagraíochtaí taighde ar an gcoigríoch (amach) nó in eagraíochtaí taighde CZ (isteach)	EUR 219 le haghaidh isteach; EUR 219 × comhéifeacht cheartúcháin ábhartha (féach tábla faoi phointe 3) don cheann amach	
35. Forbairt ghairmiúil oideora in eagraíochtaí oideachais neamhfhoirmiúla faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Soláthar scáthfhoghlama struchtúrtha le haghaidh timthriall oiliúna 20 uair an chloig.	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne.	An líon timthriallacha oiliúna de scáthfhoghlaim struchtúrtha arna soláthar ag fostaithe nó oibrithe deonacha.	(1) CZK 5 262 (fostaí is ea an saineolaí). (2) CZK 3 070 (oibrí deonach is ea an saineolaí).	
36. Forbairt ghairmiúil oideora in eagraíochtaí oideachais neamhfhoirmiúla faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Soláthar timthriall comhoiliúna 9 n-uair an chloig.	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne.	An líon timthriallacha comhoiliúna 9 n-uair an chloig arna soláthar ag fostaithe nó oibrithe deonacha.	(1) CZK 2 499 (fostaí is ea an saineolaí). (2) CZK 1 184 (oibrí deonach is ea an saineolaí).	
37. Forbairt ghairmiúil oideora trí oiliúint struchtúrtha in eagraíochtaí oideachais neamhfhoirmiúla faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Soláthar oiliúna i gcúrsaí struchtúrtha creidiúnaithe.	(1) Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha a bhaineann le hoiliúint a sholáthar agus costais bhéile; (2) Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha a bhaineann le hoiliúint a sholáthar agus costais bhéile agus costais taistil.	(1) An líon uaireanta oiliúna in aghaidh an rannpháirtí. (2) An líon uaireanta oiliúna in aghaidh an rannpháirtí lena mbaineann costais taistil (turas bealach amháin 10 km ar a laghad).	(1) CZK 200.50 (2) CZK 200,50 + EUR 2,50	

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas ([1])	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (san airgeadra náisiúnta CZK mura luaitear a mhalairt)
38. Forbairt ghairmiúil oideoirí in eagraíochtaí oideachais neamhfhoirmiúla faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Timthriall 22 uair an chloig de chomhar agus foghlaim fhrithpháirteach lena mbaineann saineolaí agus beirt oideoirí.	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais dhíreacha foirne.	An líon timthriallacha 22 uair an chloig lena mbaineann saineolaí agus beirt oideoirí eile a cuireadh i gcrích.	(1) CZK 6 227 (fostaí is ea an saineolaí). (2) CZK 2 719 (oibrí deonach is ea an saineolaí).
39. Forbairt ghairmiúil oideora in eagraíochtaí oideachais neamhfhoirmiúla faoi Ais tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Lá tionscadail 4 uair an chloig ar a laghad ina bhfuil comhtheagasc ag an oideoir agus saineolaí seachtrach	Na costais incháilithe uile, lena n-áirítear costais taistil, costais foirne agus costais dhíreacha.	An líon laethanta tionscadail a cuireadh i gcrích le haghaidh 10 mac léinn ar a laghad ar fhad 10 km ar a laghad taobh amuigh de phríomhshuíochán na heagraíochta	EUR 246
40. Soláthar gníomhaíocht seach-churaclaim arna soláthar ag eagraíocht oideachais neamhfhoirmiúil do leanaí/daltaí atá i mbaol teipe ón scoil faoi Ais Tosaíochta 3 den Chlár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas (2014CZ05M2OP001)	Soláthar gníomhaíochtaí seach-churaclaim le haghaidh fad foriomlán 24 uair an chloig.	Na costais incháilithe uile, seachas costais dhíreacha foirne.	An líon bloc 24 uair an chloig de ghníomhaíochtaí seach-churaclaim arna gcur i bhfeidhm.	CZK 6 315

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas ([1])	Aonad tomhais don táscaire	Méideanna (san airgeadra náisiúnta CZK mura luaitear a mhalairt)
41. Soláthar forbairt scileanna trí dheontais mac léinn do mhic léinn Ph.D. faoin gClár Oibríochtúil Taighde, Forbairt agus Oideachas, Ais tosaíochta 2 (2014CZ05M2OP001)	Costas míosúil deontas mac léinn amháin do mhac léinn ar taighdeoir é/í (comhfhreagrach do 0,1 ETF).	Costais incháilithe uile an deontais mic léinn, lena n-áirítear liúntas míosúil le haghaidh costais taighde, oiliúna agus líonraithe (in EUR).	An líon míonna de dheontas mac léinn amháin arna soláthar do mhac léinn ar taighdeoir é/í.	CZK 5 927 + EUR 80

([1]) I gcomhair chostais aonaid 1-5, cumhdaíonn na catagóirí costas arna lua gach costas bainteach leis an oibríocht sin, ach amháin cineálacha oibríochta 1 agus 2, ar féidir catagóirí eile costas a áireamh iontu freisin.
([2]) A chiallaíonn áit nua a áirítear in inniúlachtaí na saoráide cúraim leanaí nua mar a taifeadadh sna rialacháin náisiúnta, agus a bhfuil cruthúnas trealaimh acu do gach áit nua a soláthraíodh.
([3]) Ciallaíonn grúpa leanaí go bhfuil sé cláraithe mar ghrúpa leanaí de bhun reachtaíocht náisiúnta maidir le soláthar seirbhísí cúraim leanaí i ngrúpa leanaí.
([4]) A chiallaíonn áit i saoráid reatha atá cláraithe go nua mar ghrúpa leanaí i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta agus a áirítear i gcumas oifigiúil an ghrúpa sin, agus a bhfuil cruthúnas aige ar threalamh do gach áit.
([5]) Sainmhínítear an ráta áitíochta amhail an líon leanaí a fhreastalaíonn ar an tsaoráid chúraim leanaí in aghaidh an leath lae i rith 6 mhí roinnte ar uaschumas na saoráide in aghaidh an leath lae i rith 6 mhí, méadaithe faoi 100.
([6]) Íocfar an méid seo le haghaidh gach pointe 1 % d'áitíocht in aghaidh na háite suas go dtí 75 % de phointí le haghaidh tréimhse 6 mhí. Má bhíonn an ráta áitíochta níos lú ná 20 % ní bheidh aon aisíocaíocht ann.
([7]) Sainmhínítear an ráta áitíochta amhail an líon leanaí a fhreastalaíonn ar an tsaoráid chúraim leanaí in aghaidh an leath lae i rith 6 mhí roinnte ar uaschumas na saoráide in aghaidh an leath lae i rith 6 mhí, méadaithe faoi 100.
([8]) Íocfar an méid seo le haghaidh gach pointe 1 % d'áitíocht in aghaidh na háite suas go dtí 75 % de phointí le haghaidh tréimhse 6 mhí. Má bhíonn an ráta áitíochta níos lú ná 20 % ní bheidh aon aisíocaíocht ann.
An Fhionlainn	1 090
An Fhrainc	1 045
An Ghearmáin	940
An Ghréig	910
An Ungáir	655
An Íoslainn	945
Éire	1 015
An Iodáil	995
An Laitvia	675
An Liotuáin	675
Lucsamburg	970
Málta	825
An Ísiltír	950

An Tír Chinn Scríbe	Méid (EUR)
An Iorua	1 270
An Pholainn	655
An Phortaingéil	825
An Rómáin	635
An tSlóvaic	740
An tSlóivéin	825
An Spáinn	890
An tSualainn	1 090
An Ríocht Aontaithe	1 060

3.8 **Costais chóiríochta laethúla (in EUR)**

		Liúntais laethúla mhic léinn		Liúntais laethúla foirne	
Grúpa Tíortha	**Tír**	**(Lá 1-lá 14)**	**(Lá 15-lá 60)**	**(Lá 1-lá 14)**	**(Lá 15-lá 60)**
Grúpa A	An Ríocht Aontaithe	90	63	128	90
Grúpa B	An Danmhairg	86	60	128	90
Grúpa C	An Ísiltír	83	58	128	90
	An tSualainn	83	58	128	90
Grúpa D	An Chipir	77	54	112	78
	An Fhionlainn	77	54	112	78
	Lucsamburg	77	54	112	78
Grúpa E	An Ostair	74	52	112	78
	An Bheilg	74	52	112	78
	An Bhulgáir	74	52	112	78
	An tSeicia	74	52	112	78
Grúpa F	An Ghréig	70	49	112	78
	An Ungáir	70	49	112	78
	An Eilvéis	70	49	112	78
	Lichtinstéin	70	49	112	78
	An Iorua	70	49	112	78
	An Pholainn	70	49	112	78
	An Rómáin	70	49	112	78
	An Tuirc	70	49	112	78

		Liúntais laethúla mhic léinn		Liúntais laethúla foirne	
Grúpa Tíortha	**Tír**	**(Lá 1-lá 14)**	**(Lá 15-lá 60)**	**(Lá 1-lá 14)**	**(Lá 15-lá 60)**
Grúpa G	An Ghearmáin	67	47	96	67
	An Spáinn	67	47	96	67
	An Laitvia	67	47	96	67
	An Mhacadóin Thuaidh	67	47	96	67
	Málta	67	47	96	67
	An tSlóvaic	67	47	96	67
Grúpa H	An Chróit	58	41	80	56
	An Eastóin	58	41	80	56
	An Liotuáin	58	41	80	56
	An tSlóivéin	58	41	80	56
Grúpa I	An Fhrainc	80	56	112	78
	Éire	80	56	128	90
	An Íoslainn	80	56	112	78
Grúpa L	An Phortaingéil	64	45	96	67”

IARSCRÍBHINN V

"IARSCRÍBHINN VIII

Coinníollacha le haghaidh aisíocaíocht caiteachais ar bhonn scálaí caighdeánacha costas aonaid don Ghearmáin

1. **Sainmhíniú ar scálaí caighdeánacha costas aonaid**

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)
1. Oiliúint i réimse na forbartha scoile ionchuimsithí: Breisoiliúint le haghaidh múinteoirí a bhfuil freagrachtaí bainistíochta acu. Ais tosaíochta B OP 2014DE05SFOP009 (Mecklenburg-Vorpommern)	Rannpháirtithe a n-éiríonn leo an oiliúint a chur i gcrích.	Na costais incháilithe ar fad (costais phearsanra, costais eile dhíreacha agus indíreacha).	An líon rannpháirtithe: — a ghlac páirt in 51 uair an chloig ar a laghad den 60 uair an chloig sceidealaithe (sna himeachtaí óna dteastaíonn tinreamh agus i dtacaíocht phróisis ag na scoileanna) **agus** — a bhfuil deimhniú faighte acu ar an mbonn sin.	4 702,60
2. Oiliúint i réimse na forbartha scoile ionchuimsithí: Oiliúint le haghaidh thionól na múinteoirí. Ais tosaíochta B OP 2014DE05SFOP009 (Mecklenburg-Vorpommern)	Rannpháirtithe a fhreastalaíonn ar an gceardlann ar fhorbairt scoile ionchuimsithí.	Na costais incháilithe ar fad (costais phearsanra, costais eile dhíreacha agus indíreacha).	An líon rannpháirtithe a ghlac páirt sa cheardlann 8 n-uair an chloig agus a bhfuil deimhniú faighte acu ar an mbonn sin.	33,32
3. Oiliúint i réimse na forbartha scoile ionchuimsithí: Breisoiliúint le haghaidh múinteoirí ranga. Ais tosaíochta B OP 2014DE05SFOP009 (Mecklenburg-Vorpommern)	Rannpháirtithe a n-éiríonn leo an oiliúint a chur i gcrích.	Na costais incháilithe ar fad (costais phearsanra, costais eile dhíreacha agus indíreacha).	An líon rannpháirtithe: — a ghlac páirt i 153 uair an chloig ar a laghad den 180 uair an chloig sceidealaithe **agus** — a bhfuil deimhniú faighte acu ar an mbonn sin.	11 474,14

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)
4. Oiliúint i réimse na forbartha scoile ionchuimsithí: Breisoiliúint i bhfoghlaim phraiticiúil Ais tosaíochta B OP 2014DE05SFOP009 (Mecklenburg-Vorpommern)	Rannpháirtithe a n-éiríonn leo an oiliúint a chur i gcrích.	Na costais incháilithe ar fad (costais phearsanra, costais eile dhíreacha agus indíreacha).	An líon rannpháirtithe: — a ghlac páirt i 26 uair an chloig ar a laghad den 30 uair an chloig sceidealaithe **agus** — a bhfuil deimhniú faighte acu ar an mbonn sin.	1 698,24
5. Oiliúint i réimse na forbartha scoile ionchuimsithí: Breisoiliúint le haghaidh oideoirí. Ais tosaíochta B OP 2014DE05SFOP009 (Mecklenburg-Vorpommern)	Rannpháirtithe a n-éiríonn leo an oiliúint a chur i gcrích.	Na costais incháilithe ar fad (costais phearsanra, costais eile dhíreacha agus indíreacha).	An líon rannpháirtithe: — a ghlac páirt i 36 uair an chloig ar a laghad den 42 uair an chloig sceidealaithe (ag imeachtaí ionchuir agus tacaíocht phróisis) **agus** — a bhfuil deimhniú faighte acu ar an mbonn sin.	246,20
6. Oiliúint le haghaidh múinteoirí i ngairmscoileanna: Oiliúint theicniúil agus theagascach speisialta Ais tosaíochta B OP 2014DE05SFOP009 (Mecklenburg-Vorpommern)	Rannpháirtithe a n-éiríonn leo an oiliúint a chur i gcrích.	Na costais incháilithe ar fad (costais phearsanra, costais eile dhíreacha agus indíreacha).	An líon rannpháirtithe: — a ghlac páirt i 104 uair an chloig ar a laghad den 120 uair an chloig sna himeachtaí óna dteastaíonn tinreamh **agus** — a ghlac páirt in 51 uair an chloig ar a laghad den 60 uair an chloig sceidealaithe d'obair i ngrúpaí beaga **agus** — ar éirigh leo na tascanna sceidealaithe ar fad sa churaclam féinstaidéir a chur i gcrích **agus** — a bhfuil deimhniú faighte acu ar bhonn na dtrí chritéar a leagtar amach thuas a chur i gcrích.	14 678,40

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)
7. Oiliúint le haghaidh múinteoirí i ngairmscoileanna: Oiliúint i dtacaíocht a thabhairt do dhaoine óga ó chúlra imirceach chun teanga na Gearmáinise a shealbhú. Ais tosaíochta B OP 2014DE05SFOP009 (Mecklenburg-Vorpommern)	Rannpháirtithe a n-éiríonn leo an oiliúint a chur i gcrích.	Na costais incháilithe ar fad (costais phearsanra, costais eile dhíreacha agus indíreacha).	An líon rannpháirtithe: — a ghlac páirt in 80 uair an chloig ar a laghad de na 96 uair an chloig sna himeachtaí óna dteastaíonn tinreamh **agus** — a ghlac páirt ar feadh 6 uair an chloig i seisiúin chomhairleacha aonair **agus** — ar éirigh leo na tascanna sceidealaithe ar fad sa churaclam féinstaidéir a chur i gcrích **agus** — a bhfuil deimhniú faighte acu ar bhonn na dtrí chritéar a leagtar amach thuas a chur i gcrích.	7 268,34
8. Oiliúint do mhúinteoirí ag gairmscoileanna: Oiliúint i gcúnamh aonair do dhaoine óga i ngrúpaí foghlama atá an-ilchineálach Ais tosaíochta B OP 2014DE05SFOP009 (Mecklenburg-Vorpommern)	Rannpháirtithe a n-éiríonn leo an oiliúint a chur i gcrích.	Na costais incháilithe ar fad (costais phearsanra, costais eile dhíreacha agus indíreacha).	An líon rannpháirtithe: — a ghlac páirt i 104 uair an chloig ar a laghad den 120 uair an chloig sna himeachtaí óna dteastaíonn tinreamh **agus** — a ghlac páirt in 51 uair an chloig ar a laghad den 60 uair an chloig sceidealaithe d'obair i ngrúpaí beaga **agus** — ar éirigh leo na tascanna sceidealaithe ar fad sa churaclam féinstaidéir a chur i gcrích **agus** — a bhfuil deimhniú faighte acu ar bhonn na dtrí chritéar a leagtar amach thuas a chur i gcrích.	14 105,51
9. Oiliúint i réimse na forbartha scoile ionchuimsithí: Breisoiliúint do mhúinteoirí ag scoileanna réigiúnacha agus scoileanna cuimsitheacha i ndáil le teanga ghinearálta agus oideachas idirchultúrtha Ais tosaíochta C OP 2014DE05SFOP009 (Mecklenburg-Vorpommern)	Rannpháirtithe a n-éiríonn leo an oiliúint a chur i gcrích.	Na costais incháilithe ar fad (costais phearsanra, costais eile dhíreacha agus indíreacha).	An líon rannpháirtithe: — a ghlac páirt i 153 uair an chloig ar a laghad den 180 uair an chloig sceidealaithe oiliúna agus — a bhfuil deimhniú faighte acu ar an mbonn sin.	12 393,97

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)
10. Oiliúint i réimse na forbartha scoile ionchuimsithí: Breisoiliúint do bhainistíocht scoile i ngairmscoileanna maidir le forfheidhmiú coincheap i leith teagaisc agus foghlama ionchuimsithí. Ais tosaíochta C OP 2014DE05SFOP009 (Mecklenburg-Vorpommern)	Rannpháirtithe ar éirigh leo an oiliúint a chur i gcrích	Na costais incháilithe ar fad (costais phearsanra, costais eile dhíreacha agus indíreacha).	An líon rannpháirtithe: — a ghlac páirt in 72 uair an chloig ar a laghad de na 84 uair an chloig sna himeachtaí óna dteastaíonn tinreamh agus — a ghlac páirt in 51 uair an chloig ar a laghad den 60 uair an chloig sceidealaithe d'obair i ngrúpaí beaga agus — ar éirigh leo na tascanna sceidealaithe ar fad sa churaclam féinstaidéir a chur i gcrích agus — a bhfuil deimhniú faighte acu ar bhonn na dtrí chritéar sin a chur i gcrích.	12 588,14
11. Oiliúint i réimse na forbartha scoile ionchuimsithí: Oiliúint bhreise do mhúinteoirí i ngairmscoileanna maidir le coincheapa ionchuimsitheacha i bpleanáil ceachta. Ais tosaíochta C OP 2014DE05SFOP009 (Mecklenburg-Vorpommern)	Rannpháirtithe a n-éiríonn leo an oiliúint a chur i gcrích.	Na costais incháilithe ar fad (costais phearsanra, costais eile dhíreacha agus indíreacha).	An líon rannpháirtithe: — a ghlac páirt i 104 uair an chloig ar a laghad den 120 uair an chloig sna himeachtaí óna dteastaíonn tinreamh agus — a ghlac páirt in 51 uair an chloig ar a laghad den 60 uair an chloig sceidealaithe d'obair i ngrúpaí beaga agus — ar éirigh leo na tascanna sceidealaithe ar fad sa churaclam féinstaidéir a chur i gcrích — agus a bhfuil deimhniú faighte acu ar bhonn na dtrí chritéar sin a chur i gcrích.	13 704,25
12. Oibríochtaí faoin gclár '4.3 Lárionaid Comhairleoireachta Fostaíochta' OP 2014DE05SFOP010 – An Réin Thuaidh-Viostfáil	Soláthar seirbhísí comhairleoireachta do dhaoine nach bhfuil fostaithe nó atá i mbaol a bheith dífhostaithe. Tá réimsí comhairleoireachta comhdhéanta d'fhorbairt ghairmiúil bhreise, cáilíocht agus deiseanna fostaíochta na gcliant chomh maith le seirbhísí comhairliúcháin maidir lena gcás eacnamaíoch agus síceasóisialta.	Costais uile na hoibríochta.	An líon míonna [1] ar soláthraíodh seirbhísí comhairleoireachta laistigh de 'lárionad Comhairleoireachta Fostaíochta' de réir catagóir foirne.	Catagóir PP3 (comhar tionscadail ardphróifíle): 8 526,32 Catagóir PP4 (comhar tionscadail): 7 702,71

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)
13. Oibríochtaí faoin gclár '3.1 Comhairliúchán d'fhiontair chun oibrithe oilte, sainchomhairliúchán féideartha a shlánú' OP 2014DE05SFOP010 – An Réin Thuaidh-Viostfáil	Soláthar seirbhísí sainchomhairleoireachta d'fhiontair sna réimsí a leanas: — Eagraíocht oibre, — Athrú déimeagrafach, — Sláinte, — Digitiú, nó — Forbairt inniúlachta agus comhairleoireacht cháilíochta	Costais uile na hoibríochta.	An líon laethanta sainchomhairleoireachta (2) arna soláthar d'fhiontar.	1 000

(1) D'fhéadfaí *pro rata* a chur i bhfeidhm – is féidir an ráta míosúil a roinnt ar 30 le teacht ar na rátaí laethúla.
(2) Beidh 8 n-uair an chloig i gceist le lá sainchomhairleoireachta. Ní thabhaítear ach leathlaethanta nó laethanta foriomlána.

2. **Coigeartú méideanna**

B'fhéidir go gcaithfí méideanna chostas aonaid 12 (Lárionaid Comhairleoireachta Fostaíochta) a choigeartú i gcomhréir leis an gcomhaontú comhchoiteann don tseirbhís phoiblí (TVöD) agus athruithe ar ranníocaíochtaí fostóra le slándáil shóisialta agus/nó cionroinnt."

IARSCRÍBHINN VI

"IARSCRÍBHINN X

Coinníollacha le haghaidh aisíocaíocht caiteachais ar bhonn scálaí caighdeánacha costas aonaid don Ostair

1. **Sainmhíniú ar scálaí caighdeánacha costas aonaid**

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)	
1. Bearta chun an líon daoine a fhágann an scoil go luath a laghdú. Ais tosaíochta 3 de OP 2014AT05SFOP001	Soláthar uaireanta teagaisc ([1]).	Costais foirne do mhúinteoirí ([2]).	An líon uaireanta teagaisc in aghaidh an chineáil scoile.	An cineál scoile ([3])	Méid
				3070	95,91
				3080	89,98
				3081	96,28
				3082	107,09
				3091	78,87
2. Bunchúrsaí oideachais faoi aiseanna tosaíochta 1.1, 3.2. agus 4 de OP 2014AT05SFOP001	Uaireanta soláthair oideachais bhunúsaigh i gcúig réimse inniúlachta ag cóitseálaí amháin nó beirt chóitseálaithe agus soláthar seirbhísí cúraim leanaí lena ngabhann.	Costais uile na hoibríochta.	An líon uaireanta teagaisc ([4]) arna soláthar ([5]) ag: cóitseálaí amháin nó beirt chóitseálaithe ([6]); laistigh nó taobh amuigh de príomhphobal cónaitheachta an tairbhí; le seirbhísí cúraim leanaí nó dá n-uireasa.	Critéir	Méid in aghaidh na huaire teagaisc
				Cúrsaí le 1 chóitseálaí	110
				Cúrsaí le 2 chóitseálaithe	150
				Cúrsaí le 1 chóitseálaí agus soláthar saoráidí cúraim leanaí	150
				Cúrsaí le 2 chóitseálaithe agus soláthar saoráidí cúraim leanaí	190

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)		
				Cúrsaí le 1 chóitseálaí taobh amuigh de príomhphobal cónaitheachta an tairbhí		140
				Cúrsaí le 2 chóitseálaithe taobh amuigh de príomhphobal cónaitheachta an tairbhí		180
				Cúrsaí le 1 chóitseálaí agus soláthar saoráidí cúraim leanaí taobh amuigh de príomhphobal cónaitheachta an tairbhí		180
3. Comhairleoireacht oideachais faoi aiseanna tosaíochta 3.2. agus 4 de OP 2014AT05SFOP001	Soláthar seirbhísí comhairleoireachta duine le duine do dhaoine aonair.	Costais uile na hoibríochta.	An líon seisiún comhairleoireachta duine le duine a soláthraíodh ([7]).	338,43		
4. Fíoruithe bainistíochta OP 2014AT05SFOP001 faoi ais tosaíochta 5 (cúnamh teicniúil)	Uaireanta soláthair seirbhísí d'fhíorú bainistíochta don Údarás Bainistíochta – tacaíocht le tascanna den chéad leibhéal smachta agus tascanna tacaíochta do chomhlachtaí rialaithe eile.	Costais uile na hoibríochta.	An líon uaireanta an chloig ag feidhmiú tascanna d'fhíorú bainistíochta agus tascanna tacaíochta do chomhlachtaí rialaithe eile.	62,96		
5. Oibríochtaí uile den Chlár Oibríochtúil 2014AT05SFOP001 cé is moite d'oibríochtaí a chumhdaíonn costais aonaid 1-4 den iarscríbhinn seo.	Uaireanta oibre foirne ag obair go díreach ar an oibríocht.	Costais dhíreacha foirne na hoibríochta (colún A). Costais uile na hoibríochta cé is moite de thuarastail agus liúntais arna n-íoc le rannpháirtithe (colún B).	An líon uaireanta oibre iarbhír de réir na catagóire foirne ([8]).		Méid in aghaidh na huaire (A)	Méid in aghaidh na huaire (b) ([9])
				Ball foirne riaracháin	24,90	34,86
				Foireann riachtanach	30,09	42,13
				Ceannaire tionscadail	40,06	56,09

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)
6. Ranganna comhtháthaithe agus teanga arna dtairiscint do dhaoine óga tríd an 'Jugendcollege Wien' OP 2014AT05SFOP001 IP 9i	(1) Scrúdú comhtháthaithe ÖSD agus/nó ÖIF a chur i gcrích go rathúil ([10]) (2) Socrúchán rathúil in oideachas nó oiliúint fhoirmiúil, printíseacht nó post.	Costais uile na hoibríochta.	(1) An líon scrúduithe comhtháthaithe ÖSD agus/nó ÖIF a phasáiltear ([11]) 2) An líon socrúchán a baineadh amach ([12])	(1) 12 239 (2) 11 648

([1]) Is ionann uair an chloig amháin teagaisc agus 50 nóiméad.
([2]) Is iad sin amháin na costais atá le héileamh ar aisíocaíocht CSE do na hoibríochtaí sonraithe.
([3]) An cineál scoile:
Meánscoileanna Acadúla (AHS)
Scoileanna teicniúla/tionsclaíocha (TMHS)
Meánscoileanna agus coláistí don turasóireacht agus do ghairmeacha sóisialta agus do ghairmeacha a bhaineann le seirbhísí (HUM)
Acadaimh thráchtála agus scoileanna tráchtála (HAK/HAS)
Coláiste meánleibhéal d'oideolaíocht luathóige / Coláiste meánleibhéal d'oideolaíocht shóisialta (BAfEP/BASOP)
([4]) Is ionann uair an chloig amháin teagaisc agus 50 nóiméad.
([5]) D'fhéadfaí na hoibríochtaí seo a fhorfheidhmiú freisin trí mhodh cianda nuair a ghearrtar srianta nó moltaí arna n-eisiúint ag údaráis inniúla chun moill a chur le scaipeadh an choróinvíris.
([6]) Ceadaítear beirt chóitseálaithe do ghrúpaí ina bhfuil seachtar rannpháirtithe ar a laghad.
([7]) D'fhéadfaí na hoibríochtaí seo a fhorfheidhmiú freisin trí mhodh cianda nuair a ghearrtar srianta nó moltaí arna n-eisiúint ag údaráis inniúla chun moill a chur le scaipeadh an choróinvíris.
([8]) Níl aon oibleagáid ann chun córas cláraithe d'am oibre ar leith a bhunú don fhoireann le céatadán seasta ama oibrithe ar an oibríocht in aghaidh na míosa. Eiseoidh an fostóir doiciméad do gach fostaí ina leagfar amach céatadán seasta ama le hoibriú ar an oibríocht.
([9]) Úsáidtear am méid foriomlán sa cholún seo chun costais uile na hoibríochta cé is moite de thuarastail agus liúntais arna n-íoc le rannpháirtithe a chumhdach. Bunaítear an méid ar an modh seo a leanas: méid in aghaidh na huaire móide méid mar thoradh ar ráta comhréidh 40 % a chur i bhfeidhm os cionn an mhéid in aghaidh na huaire.
([10]) https://www.osd.at/en/exams/oesd-exams/ agus/nó https://www.integrationsfonds.at/sprache/pruefungen
([11]) Féadfaidh mac léinn roinnt scrúduithe a dhéanamh agus comhairfear é as gach leibhéal scrúdaithe a phasáiltear.
([12]) Tá incháilitheacht teoranta d'áit amháin in aghaidh an mhic léinn.

2. **Coigeartú méideanna**

Déantar coigeartú bliantúil ar na ráta do chostas aonaid 1 i gcomhréir le Rialachán um Éifeachtaí Airgeadais WFA. Foilsítear an rialachán go bliantúil agus tá sonraíochtaí ann maidir le luachshocrú costas pearsanra chun críche pleanáil bhuiséid do na blianta atá romhainn. Coigeartófar na rátaí den chéad uair an 1 Meán Fómhair 2017 ar bhonn an luachshocraithe do 2017 a leagtar síos sa rialachán sin.

Coigeartófar an ráta do chostas aonaid 3 go bliantúil chun na hathruithe ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí mar a d'fhoilsigh Statistik Austria é a léiriú.

Coigeartófar an ráta do chostas aonaid 4 go bliantúil i gcomhréir leis an mbunús dlí le praghsanna na seirbhísí seo mar a shonraíonn an Aireacht Airgeadais.

Coigeartófar na rátaí do chostas aonaid 5 go bliantúil chun na hathruithe ar chomhaontuithe comhchoiteanna BABE agus SWÖ a léiriú."

IARSCRÍBHINN VII

"IARSCRÍBHINN XI

Coinníollacha le haghaidh aisíocaíocht caiteachais ar bhonn scálaí caighdeánacha costas aonaid don Liotuáin

1. **Sainmhíniú ar scálaí caighdeánacha costas aonaid**

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)
1. Gairmoiliúint daoine dífhostaithe faoi Ais Tosaíochta 7 *Fostaíocht ardcháilíochta agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn* den Chlár Oibríochtúil 2014LT16MAOP001	Daoine dífhostaithe a n-éiríonn leo oiliúint fhoirmiúil fhadtéarmach a chur i gcrích	Na costais incháilithe uile	An líon rannpháirtithe a bhfuil deimhniú faighte acu a fhíoraíonn gur éirigh leo oiliúint fhoirmiúil fhadtéarmach a mhair 184 lá nó níos mó a chur i gcrích.	3 460,33
2. Gairmoiliúint daoine dífhostaithe faoi Ais Tosaíochta 7 *Fostaíocht ardcháilíochta agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn* den Chlár Oibríochtúil 2014LT16MAOP001	Daoine dífhostaithe a n-éiríonn leo oiliúint fhoirmiúil mheántéarmach a chur i gcrích	Na costais incháilithe uile	An líon rannpháirtithe a bhfuil deimhniú faighte acu a fhíoraíonn gur éirigh leo oiliúint fhoirmiúil mheántéarmach a mhair idir 97 agus 183 lá a chur i gcrích.	2 508,12
3. Gairmoiliúint daoine dífhostaithe faoi Ais Tosaíochta 7 *Fostaíocht ardcháilíochta agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn* den Chlár Oibríochtúil 2014LT16MAOP001	Daoine dífhostaithe a n-éiríonn leo oiliúint fhoirmiúil ghearrthéarmach a chur i gcrích	Na costais incháilithe uile	An líon rannpháirtithe a bhfuil deimhniú faighte acu a fhíoraíonn gur éirigh leo oiliúint fhoirmiúil ghearrthéarmach a mhair 96 lá nó níos lú a chur i gcrích.	872,66
4. Gairmoiliúint daoine dífhostaithe faoi Ais Tosaíochta 7 *Fostaíocht ardcháilíochta agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn* den Chlár Oibríochtúil 2014LT16MAOP001	Daoine dífhostaithe a n-éiríonn leo oiliúint neamhfhoirmiúil a chur i gcrích	Na costais incháilithe uile	An líon rannpháirtithe a bhfuil deimhniú faighte acu a fhíoraíonn gur éirigh leo oiliúint neamhfhoirmiúil ghearrthéarmach a chur i gcrích.	1 136,97

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)
5. Oiliúint fostaithe cuideachtaí príobháideacha agus soláthar seirbhísí faoi aiseanna tosaíochta 7; 8; 9; 10 de OP 2014LT16MAOP001	1. Ráta tuarastail in aghaidh na huaire arna íoc le fostaí fad atá sé faoi oiliúint 2. Ráta tuarastail in aghaidh na huaire arna íoc le foireann dhíreach ([1]) na hoibríochta	Tuarastail rannpháirtithe agus costais foirne dhíreacha I gcás ina meastar tuarastal na rannpháirtithe agus costais foirne dhíreacha na hoibríochta mar chostas incháilithe, d'fhéadfaí an méid comhfhreagrach a aisíoc do gach catagóir.	1. An líon uaireanta oiliúna a cuireadh i gcrích in aghaidh an rannpháirtí (fostaithe cuideachtaí príobháideacha) ([2]) 2. An líon uaireanta an chloig a oibríodh ar an oibríocht ([3]) in aghaidh an bhaill foirne dhírigh	I gcás na n-earnálacha eacnamaíocha I, H, R, S, A, N, E, F, L, G, P de réir aicmiú NACE 2 ([4]): 6,65 I gcás na n-earnálacha eacnamaíocha C, Q, B, D, M de réir aicmiú NACE 2 ([5]): 9,03 I gcás na n-earnálacha eacnamaíocha K agus J de réir aicmiú NACE 2 ([6]): 14,28
6. Oiliúint ar sheirbhísigh phoiblí faoi aiseanna tosaíochta 8; 9; 10 de OP 2014LT16MAOP001	Ráta tuarastail in aghaidh na huaire arna íoc le seirbhíseach poiblí ([7]) fad atá sé faoi oiliúint	Tuarastail rannpháirtithe	An líon uaireanta oiliúna a rinneadh in aghaidh an rannpháirtí ([8])	7,43
7. Fóirdheontas fostaíochta agus oiliúint ar an láthair oibre le haghaidh duine nuafhostaithe faoi ais tosaíochta 7 de OP 2014LT16MAOP001	Fóirdheontas in aghaidh na huaire a íoctar le fostóir as gach duine fostaithe	Fóirdheontas pá	1. An líon uaireanta oibre rannpháirtithe ([9]), i gcás ina gcumhdaíonn an fóirdheontas fostaíochta 50 %, 60 %, 75 % de phá an rannpháirtí, faoi seach, agus nach dteastaíonn aon oiliúint ar an láthair oibre 2. An líon uaireanta oibre rannpháirtithe ([10]), i gcás ina soláthraítear oiliúint ar an láthair oibre ([11]) agus ina gcumhdaíonn an fóirdheontas fostaíochta 50 %, 60 %, 75 %, faoi seach, de phá an rannpháirtí	1. Pá fhóirdheonaithe: 50 % — Costas aonaid: 2,43 Pá fhóirdheonaithe: 60 % — Costas aonaid: 2,91 Pá fhóirdheonaithe: 75 % — Costas aonaid: 3,64 2. Pá fhóirdheonaithe: 50 % — Costas aonaid: 2,48 Pá fhóirdheonaithe: 60 % — Costas aonaid: 2,96 Pá fhóirdheonaithe: 75 % — Costas aonaid: 3,69

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)	
8. Inniúlachtaí eolaíocha a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí taighde faoi ais tosaíochta 9 de OP 2014LT16MAOP001	Ráta tuarastail in aghaidh na huaire a íoctar le taighdeoir nó le ball foirne teicniúil fad atá siad ag obair ar thionscadal taighde	Tuarastal rannpháirtithe	An líon uaireanta oibre curtha i gcrích ag rannpháirtithe ([12])	Post	Costas aonaid
				comhalta taighde sóisearach	12,13
				comhalta taighde	14,23
				comhalta taighde sinsearach	18,18
				príomhcho-mhalta taighde	27,79
				foireann theicniúil	6,88
9. Fóirdheontas um chruthú fostaíochta nó fóirdheontas chun lárionad oibre a chur in oiriúint faoi ais tosaíochta 7 de OP 2014LT16MAOP001	Poist arna gcruthú nó ionaid oibre arna gcur in oiriúint de réir Airteagail 45, 46, 47 de Dhlí na Liotuáine maidir le Fostaíocht ([13])	Na costais incháilithe uile ([14])	An líon post arna gcruthú nó ionaid oibre arna gcur in oiriúint	13 272,55 I gcás poist pháirtaimseartha, bunófar an méid ar bhonn pro rata a léiríonn an t-am oibre a bhfuiltear ag súil leis I gcás daoine faoi mhíchumas, ní laghdófar méid na tacaíochta i gcomhréir leis an am oibre a bhfuiltear ag súil leis (uaireanta) agus íocfar an méid foriomlán	

([1]) Ciallaíonn foireann dhíreach daoine aonair a dhéanann gníomhaíochtaí díreacha tionscadail le caidreamh fostaíochta (nó comhchosúil) le tairbhí nó comhpháirtí an tionscadail nó ag oibriú faoi chonarthaí seirbhíse (sibhialta). D'fhéadfaí teagascóirí (cóitseálaithe), forbróirí ábhar nó modheolaíochtaí oiliúna, agus aon duine eile a dhéanann gníomhaíochtaí tionscadail a áireamh sa chatagóir seo.
([2]) Mar a léirítear i gcóras bainistíochta ama infhíoraithe.
([3]) Mar a léirítear i gcóras bainistíochta ama infhíoraithe.
([4]) https://osp.stat.gov.lt/600
([5]) https://osp.stat.gov.lt/600
([6]) https://osp.stat.gov.lt/600
([7]) D'fhéadfadh rannpháirtithe a bheith ina seirbhísigh phoiblí chomh maith le bheith ina bhfostaithe ó institiúidí/eagraíochtaí poiblí eile, amhail oideoirí ó scoileanna poiblí.
([8]) Mar a léirítear i gcóras bainistíochta ama infhíoraithe.
([9]) Mar a léirítear i gcóras bainistíochta ama infhíoraithe.
([10]) Mar a léirítear i gcóras bainistíochta ama infhíoraithe.
([11]) D'fhéadfadh oiliúint ar an bpost suas le 12 mhí a ghlacadh (Airteagal 43(3) de Dhlí na Liotuáine maidir le Fostaíocht).
([12]) Mar a léirítear i gcóras bainistíochta ama infhíoraithe
([13]) Ní fhéadfaí an costas aonaid seo a úsáid ach amháin do phoist arna gcruthú nó arna gcur in oiriúint do dhaoine dífhostaithe mar a shonraítear in Airteagal 25 (1) de Dhlí na Liotuáine maidir le Fostaíocht ar ina leith a cinneadh go bhfuil suas le 25 % d'acmhainneacht oibre nó leibhéal míchumais thromchúisigh acu ach, agus do dhaoine dífhostaithe mar a shonraítear in Airteagal 25 (2, 3, 8) de Dhlí na Liotuáine maidir le Fostaíocht.
([14]) Ní chumhdaítear costais oiliúna leis an gcostas aonaid seo. Cumhdaítear na costais eile uile, a liostaítear in Airteagal 44 (2) de Dhlí na Liotuáine maidir le Fostaíocht, d'ainneoin na gníomhaíochta lena gcruthaítear an post.

2. **Coigeartú méideanna**

D'fhéadfaí méideanna chostais aonaid 1 go 4 a choigeartú faoin dara ráithe de gach bliain tríd an ráta boilscithe foilsithe do phraghsanna tomhaltóra Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (HICP) ag https://osp.stat.gov.lt/en/statistiniu-rodikliu-analize#/, i mbliain N, a thabhairt san áireamh do bhliain N-1.

Is féidir méideanna do chostas aonaid 1 go 4 a choigeartú trí na nithe a leanas a ionadú:

— an ráta pá íosta náisiúnta sa Liotuáin;

— an t-uasmhéid costas a chumhdaíonn gairmoiliúint;

— comhéifeacht na scoláireachta oiliúna a leagtar síos i nDlí Phoblacht na Liotuáine maidir le Tacaíocht Fostaíochta;

— an táille taraife 1 chiliméadar a d'fhormheas an tOrdú ón Aire Slándála Sóisialta agus Saothair (an 20 Iúil 2010, Ordú Uimh. A1-352 ar fhormheas taraife 1 chiliméadar) sa mhodh ríofa; agus

— ráta comhréidh na gcostas indíreach i bhForfheidhmiú Ráta Chomhréidh leis an Scéim um Chostais Tionscadail Indíreacha arna fhormheas ag an Ordú ón Aire Airgeadais (an 8 Deireadh Fómhair 2014, Ordú Uimh 1K-316 ar riarachán tionscadal agus formheas rialachán airgeadais);

sa mhodh ríofa trína bhfuil costas foriomlán na gairmoiliúna comhdhéanta d'fhoriomlán: costais seirbhísí gairmoiliúna, costais scoláireachtaí gairmoiliúna, costais taistil chuig an lárionad gairmoiliúna agus ar ais, costais chóiríochta, costais an ghrinnfhiosrúcháin sláinte éigeantaigh agus vacsaíniú in aghaidh galair thógálacha agus costais indíreacha.

D'fhéadfaí méideanna chostas aonaid 5 a athríomh uair amháin sa bhliain, i mbliain N, nuair a fhoilsíonn Roinn Staitisticí na Liotuáine (Statistics Lithuania) na sonraí bliantúla (in éagmais sonraí bliantúla – ráithiúla) ar an meánphá de réir chineál na gníomhaíochta eacnamaíche do bhliain N-1. Déanfar an coigeartú tráth nach déanaí ná an dara ráithe de bhliain N [1]. Athríomhtar na méideanna bunaithe ar na sonraí maidir le meánphá agus meántuarastail ó bhliain N-1 (ag úsáid na sonraí bliantúla) nó ó na ceithre ráithe is déanaí (ag úsáid sonraí ráithiúla).

D'fhéadfaí méideanna chostas aonaid 5 a athríomh ansin nuair a athraíonn luachanna na ranníocaíochtaí árachais shóisialta stáit, arna n-íoc ag an bhfostóir, agus ranníocaíochtaí chuig an gCiste Ráthaíochta agus tairbhí fostaíochta fadtéarmacha ar bhonn ionstraimí dlí bunaithe Phoblacht na Liotuáine,

[1] Úsáidtear na sonraí oifigiúla is déanaí don 12 mhí dheireanach (i.e. ráithí I go IV den bhliain lena mbaineann) san earnáil phríobháideach le fiontair aonair (comhlán, fireann agus baineann) https://www.stat.gov.lt/

Is féidir méid chostas aonaid 6 a choigeartú trí aon athrú ar na nithe a leanas:

— luach an mheánphá mhíosúil (comhlán) san earnáil phoiblí sa bhliain féilire roimhe sin, mar a d'fhógair Roinn Staitisticí na Liotuáine.

— na rátaí (de réir céatadáin) de ranníocaíochtaí Árachais Shóisialta nó Ciste Ráthaíochta in ionstraimí dlí Phoblacht na Liotuáine nó ionstraimí dlí lena rialaítear fad na saoire bliantúla.

Is féidir an méid a choigeartú an 1 Iúil gach bliain agus ní chuirfear i bhfeidhm é ach ar chonarthaí nua.

D'fhéadfaí méideanna chostas aonaid 7 a choigeartú go bliantúil, i mbliain N, ag úsáid innéacs pá mhíosúil (comhlán) i mbliain N-1 mar a shonraíonn Roinn Staitisticí na Liotuáine i gcomparáid leis an mbliain N-2 ([2]).

D'fhéadfaí méideanna chostas aonaid 8 a choigeartú ag úsáid innéacs pá mhíosúil (comhlán) go bliantúil, i mbliain N, de réir aicmiú na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha (réimse taighde eolaíoch agus gníomhaíocht curtha i bhfeidhm, M72) de bhliain N-1, mar a shonraíonn Roinn Staitisticí na Liotuáine i gcomparáid leis an mbliain N-2 ([3]).

D'fhéadfaí méid chostas aonaid 9 a choigeartú go bliantúil ag tús gach bliana, i mbliain N, ag cur san áireamh an fhaisnéis (poiblí) arna soláthar ag Roinn Staitisticí na Liotuáine agus ag cur i bhfeidhm an t-athrú ar phraghas tomhaltóra arna ríomh bunaithe ar an bpraghasinnéacs ([4]) i mbliain N-1 i gcomparáid leis an mbliain N-2."

———

([2]) https://osp.stat.gov.lt/statistiniu-rodikliu-analize (Staitisticí daonra agus sóisialta/Costais luacha saothair agus saothair/Pá (ráithiúil agus bliantúil)/Tuilleamh/Innéacsanna meántuillimh (go míosúil))

([3]) https://osp.stat.gov.lt/statistiniu-rodikliu-analize (Staitisticí daonra agus sóisialta/Costais luacha saothair agus saothair/Pá (ráithiúil agus bliantúil)/Tuilleamh/Innéacsanna meántuillimh (go míosúil)/Gníomhaíocht gheilleagrach/Taighde agus forbairt M72)

([4]) Féach Airteagal 5 'Earraí agus seirbhísí tomhaltóra'

IARSCRÍBHINN VIII

"IARSCRÍBHINN XII

Coinníollacha le haghaidh aisíocaíocht caiteachais ar bhonn scálaí caighdeánacha costas aonaid don Pholainn

1. **Sainmhíniú ar scálaí caighdeánacha costas aonaid**

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)	
1. Tionscadail soghluaisteachta trasnáisiúnta do dhaoine óga idir 18-35 bliana d'aois atá i mbaol eisiamh sóisialta; soláthar intéirneachtaí, printíseachtaí agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le hobair ar an gcoigríoch. Ais tosaíochta IV den chlár CSE um Fhorbairt Oideachas Eolais 2014PL05M9OP001	Ráta laethúil do rannpháirtithe i rith a bhfanachta ar an gcoigríoch i rith tionscadal soghluaisteachta trasnáisiúnta.	Liúntas laethúil a bhaineann le fanacht rannpháirtithe ar an gcoigríoch.	An líon laethanta féilire a chaith rannpháirtí ar an gcoigríoch.	*Tír chinn scríbe*	*Méid*
				An Ostair	57,13
				An Bheilg	57,13
				An Bhulgáir	57,13
				An Chróit	44,97
				An Chipir	59,37
				Poblacht na Seice	57,13
				An Danmhairg	66,07
				An Eastóin	44,97
				An Fhionlainn	59,37
				An Fhrainc	61,60

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)	
				Tír chinn scríbe	*Méid*
				An Ghearmáin	51,67
				An Ghréig	53,90
				An Ungáir	53,90
				Éire	61,60
				An Iodáil	57,13
				An Laitvia	51,67
				An Liotuáin	44,97
				Lucsamburg	59,37
				Málta	51,67
				An Ísiltír	63,83
				An Phortaingéil	49,43
				An Rómáin	53,90
				An tSlóvaic	51,67
				An tSlóivéin	44,97
				An Spáinn	51,67
				An tSualainn	63,83
				An Ríocht Aontaithe	69,30

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)	
				Tír chinn scríbe	*Méid*
2. Tionscadail soghluaisteachta trasnáisiúnta do dhaoine óga idir 18-35 bliana d'aois atá i mbaol eisiamh sóisialta; soláthar intéirneachtaí, printíseachtaí agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le hobair ar an gcoigríoch. Ais tosaíochta IV den chlár CSE um Fhorbairt Oideachas Eolais 2014PL05M9OP001	Ráta laethúil le haghaidh fanacht ar an gcoigríoch i rith tionscadal soghluaisteachta trasnáisiúnta do rannpháirtithe faoi mhíchumas tromchúiseach ([1]).	Liúntas laethúil a bhaineann le fanacht rannpháirtithe ar an gcoigríoch.	An líon laethanta féilire a chaith rannpháirtí faoi mhíchumas tromchúiseach ar an gcoigríoch.	An Ostair	74
				An Bheilg	74
				An Bhulgáir	74
				An Chróit	58
				An Chipir	77
				Poblacht na Seice	74
				An Danmhairg	86
				An Eastóin	58
				An Fhionlainn	77
				An Fhrainc	80
				An Ghearmáin	67
				An Ghréig	70
				An Ungáir	70
				Éire	80
				An Iodáil	74
				An Laitvia	67
				An Liotuáin	58
				Lucsamburg	77
				Málta	67

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)	
				Tír chinn scríbe	*Méid*
				An Ísiltír	83
				An Phortaingéil	64
				An Rómáin	70
				An tSlóvaic	67
				An tSlóivéin	58
				An Spáinn	67
				An tSualainn	83
				An Ríocht Aontaithe	90
3. Tionscadail soghluaisteachta trasnáisiúnta do dhaoine óga idir 18-35 bliana d'aois atá i mbaol eisiamh sóisialta; soláthar intéirneachtaí, printíseachtaí agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le hobair ar an gcoigríoch. Ais tosaíochta IV den chlár CSE um Fhorbairt Oideachas Eolais 2014PL05M9OP001	Ráta laethúil do mheantóir a ghabhann le grúpa rannpháirtithe i rith a bhfanachta ar an gcoigríoch laistigh de thionscadal soghluaisteachta trasnáisiúnta.	Liúntas laethúil a bhaineann le fanacht an mheantóra ar an gcoigríoch.	An líon laethanta féilire a chaith meantóir ar an gcoigríoch; ní mór go mbeadh 4 rannpháirtithe ar a laghad sa ghrúpa ar an lá a théann an meantóir ar an gcoigríoch.	*Tír chinn scríbe*	*Méid (EUR)*
				An Ostair	75,77
				An Bheilg	75,77
				An Bhulgáir	75,77
				An Chróit	53,90
				An Chipir	75,77
				Poblacht na Seice	75,77
				An Danmhairg	85,93
				An Eastóin	53,90
				An Fhionlainn	75,77

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)	
				Tír chinn scríbe	*Méid (EUR)*
				An Fhrainc	75,77
				An Ghearmáin	64,83
				An Ghréig	75,77
				An Ungáir	75,77
				Éire	85,93
				An Iodáil	75,77
				An Laitvia	64,83
				An Liotuáin	53,90
				Lucsamburg	75,77
				Málta	64,83
				An Ísiltír	85,93
				An Phortaingéil	64,83
				An Rómáin	75,77
				An tSlóvaic	64,83
				An tSlóivéin	53,90
				An Spáinn	64,83
				An tSualainn	85,93
				An Ríocht Aontaithe	85,93

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)	
				Tír chinn scríbe	*Méid (EUR)*
4. Tionscadail soghluaisteachta trasnáisiúnta do dhaoine óga idir 18-35 bliana d'aois atá i mbaol eisiamh sóisialta; soláthar intéirneachtaí, printíseachtaí agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le hobair ar an gcoigríoch. Ais tosaíochta IV den chlár CSE um Fhorbairt Oideachas Eolais 2014PL05M9OP001	Ráta laethúil do dhuine tionlacain do rannpháirtí faoi mhíchumas tromchúiseach i rith a f(h)anachta ar an gcoigríoch laistigh de thionscadal soghluaisteachta trasnáisiúnta.	Liúntas laethúil a bhaineann le fanacht an duine tionlacain ar an gcoigríoch.	Líon laethanta féilire fhanacht an duine tionlacain ar an gcoigríoch.	An Ostair	75,77
				An Bheilg	75,77
				An Bhulgáir	75,77
				An Chróit	53,90
				An Chipir	75,77
				Poblacht na Seice	75,77
				An Danmhairg	85,93
				An Eastóin	53,90
				An Fhionlainn	75,77
				An Fhrainc	75,77
				An Ghearmáin	64,83
				An Ghréig	75,77
				An Ungáir	75,77
				Éire	85,93
				An Iodáil	75,77
				An Laitvia	64,83
				An Liotuáin	53,90
				Lucsamburg	75,77

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)	
				Tír chinn scríbe	*Méid (EUR)*
				Málta	64,83
				An Ísiltír	85,93
				An Phortaingéil	64,83
				An Rómáin	75,77
				An tSlóvaic	64,83
				An tSlóivéin	53,90
				An Spáinn	64,83
				An tSualainn	85,93
				An Ríocht Aontaithe	85,93
5. Tionscadail soghluaisteachta trasnáisiúnta do dhaoine óga idir 18-35 bliana d'aois atá i mbaol eisiamh sóisialta; soláthar intéirneachtaí, printíseachtaí agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le hobair ar an gcoigríoch. Ais tosaíochta IV den chlár CSE um Fhorbairt Oideachas Eolais 2014PL05M9OP001	Ráta laethúil chun grúpa rannpháirtithe a óstáil i dtionscadail soghluaisteachta trasnáisiúnta.	Cumhdaíonn an ráta laethúil costais uile na heagraíochta óstála a bhaineann le cúnamh agus tacaíocht a sholáthar leis an tionscadal soghluaisteachta trasnáisiúnta.	Líon laethanta féilire ag óstáil grúpa rannpháirtithe. Má tá méid an ghrúpa níos ísle ná 8 rannpháirtithe ar an lá a théann an grúpa ar an gcoigríoch, laghdaítear ráta na heagraíochta óstála go comhréireach. Teastaíonn íosmhéid grúpa de 4 (laghdófaí an ráta 50 % sa chás sin).	*Tír chinn scríbe*	*Méid (EUR)*
				An Danmhairg. Éire. Lucsamburg. An Ísiltír. An Ostair. An tSualainn	241
				An Bheilg. An Fhrainc. An Iodáil. An Fhionlainn. An Ghearmáin. An Ríocht Aontaithe.	214

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)	
				Tír chinn scríbe	*Méid (EUR)*
				Poblacht na Seice. An Ghréig. An Spáinn. An Chipir. Málta. An Phortaingéil. An tSlóivéin	137
				An Bhulgáir. An Eastóin. An Chróit. An Laitvia. An Liotuáin. An Ungáir. An Rómáin. An tSlóvaic	74
6. Bainistiú a dhéanamh ar áiteanna nua cúraim leanaí le haghaidh leanaí suas go 3 bliana d'aois i naíolann, club leanaí, agus laistigh d'institiúid soláthraí cúraim lae, atá nuachruthaithe faoin tionscadal dá dtagraítear in 'Acht maidir le Cúram Leanaí suas go dtí aois 3 bliana' ([2]) agus atá líonta ar feadh mí amháin, faoi na 16 Chlár Oibríochtúla Réigiúnacha – ais tosaíochta 8(iv).	a) Spás nuachruthaithe le haghaidh leanaí suas go dtí 3 bliana d'aois i naíolann. b) Spás nuachruthaithe le haghaidh leanaí suas go dtí 3 bliana d'aois i gclub leanaí. c) Spás nuachruthaithe le haghaidh leanaí suas go dtí 3 bliana d'aois ag soláthraí cúraim leanaí.	Costais incháilithe uile na hoibríochta, lena n-áirítear na méideanna faoi thrasmhaoiniú a bhaineann le gach ceann de na catagóirí sin: a) PLN 226.00 b) PLN 163.00 c) PLN 89.00	An líon spásanna cúraim nuachruthaithe le haghaidh leanaí suas go dtí 3 bliana d'aois, spásanna atá líonta ar feadh mí amháin ([3]).	a) PLN 1 770,00 b) PLN 1 777,00 c) PLN 1 291,00	

([1]) Mar a shainmhínítear san Acht den 27 Lúnasa 1997 maidir le hAthshlánú Gairme agus Sóisialta agus Fostaíocht Daoine faoi Mhíchumas, http://isap.sejm.gov.pl/DetailsServlet?id=WDU19971230776
([2]) Dz.U. 2011 nr 45 poz. 235 - http://prawo.sejm.gov.pl/isap.nsf/DocDetails.xsp?id=WDU20110450235).
([3]) Braitheann an méid atá le híoc ar ráta láithreachta linbh sa naíolann, club leanaí nó cúram lae:
1. tinreamh 75 % ar a laghad i mí – íocaíocht iomlán;
2. tinreamh idir 20 % agus 75 % i mí – 75 % den íocaíocht;
3. tinreamh faoi bhun 20 % i mí – níl aon íocaíocht.
Beidh an oibríocht neamh-incháilithe mura gcomhlíontar an ceanglas marthanachta.

2. **Coigeartuithe méideanna.**

I gcás athruithe ar rátaí náisiúnta Erasmus+, atá mar bhunús leis na costais aonaid de chineál 1 go 5 sa rialachán seo, féadfaidh an t-údarás bainistíochta na rátaí a choigeartú dá réir. Má athraíonn na rátaí Erasmus+, d'fhéadfaí an t-athrú céanna a léiriú sa scála caighdeánach de chostais aonaid do ghlaonna nua faoi seach (i.e. glaonna arna seoladh tar éis do rátaí Erasmus+ nua teacht i bhfeidhm). I gcás oibríochtaí 1-4, is é atá san fhoirmle a úsáidtear chun na rátaí laethúla faoi seach a thabhairt cothrom le dáta (14 × A + 46 × B) / 60, i gcás inarb é 'A' an ráta laethúil ó chlár Erasmus+ na Polainne don chéad 14 lá den fhanacht ar an gcoigríoch agus 'B' na 46 lá atá fágtha.

Nuashonrófar costais aonaid de chineál 6 go bliantúil má sháraíonn an fachtóir innéacsaithe 3 %. Tá an fachtóir innéacsaithe bunaithe ar an athrú ar an meánluach saothair, arna shonrú sna Teachtaireachtaí ó Uachtarán Oifig Staidrimh na Polainne. Is pointe tosaigh é an tríú ráithe de 2019, a chiallaíonn go dtarlóidh an chéad nuashonrú ar chostais aonair nuair a mhéadóidh an meánluach saothair don tríú ráithe de 2020 i gcomparáid leis an ráithe chomhfhreagrach den bhliain roimhe sin os cionn 3 %. Sna tréimhsí ina dhiaidh sin, is é an tríú ráithe de 2019 nó an tríú ráithe den bhliain innéacsaithe an pointe tosaigh."

IARSCRÍBHINN IX

"IARSCRÍBHINN XIV

Coinníollacha le haghaidh aisíocaíocht caiteachais ar bhonn scálaí caighdeánacha costas aonaid do gach Ballstát sonraithe.

1. **Sainmhíniú ar scálaí caighdeánacha costas aonaid**

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)
1. Oibríochtaí oideachais foirmiúla (ón oideachas luathóige chuig an leibhéal treasach lena n-áirítear gairmoideachas foirmiúil) i ngach clár oibríochtúil CSE, seachas cineálacha oibríochtaí lenar bunaíodh roghanna costais simplithe in iarscríbhinn eile a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe seo.	Rannpháirtithe i mbliain acadúil d'oideachas foirmiúil.	Na costais incháilithe ar fad a bhaineann go díreach le croí-earraí agus seirbhísí oideachais a sholáthar ([1]).	An líon rannpháirtithe le clárú deimhnithe ([2]) i mbliain acadúil d'oideachas foirmiúil, arna ndifreáil le haicmiú ISCED ([3]).	Féach pointe 3.1 ([4]) Baineann na méideanna le rannpháirtíocht lánaimseartha i mbliain acadúil. I gcás rannpháirtíocht pháirtaimseartha, bunófar an méid ar bhonn *pro rata* a léiríonn rannpháirtíocht an mhic léinn. I gcás ina maireann an cúrsa níos lú na bliain acadúil amháin, bunófar an méid ar bhonn pro rata a léiríonn fad an chúrsa. I gcás cúrsaí gairmoiliúna agus oiliúint oideachais (oideachas meánscoile uachtaraí agus iar-mheánscoile neamhthreasaí) i gcás ina bhfuil comhroinnt laghdaithe den mhéid ama caite in institiúid oideachais fhoirmiúil i gcomparáid leis na cúrsaí tuairiscithe don bhailiú sonraí i rith na bliana tagartha, laghdófar an méid go comhréireach chun an t-am a caitheadh san institiúid oideachais a léiriú.
2. Aon oibríocht a bhaineann le hoiliúint ([5]) daoine cláraithe dífhostaithe, daoine ag lorg poist nó daoine neamhghníomhacha, seachas cineálacha oibríochtaí lenar bunaíodh roghanna costais simplithe in iarscríbhinn eile a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe seo.	Rannpháirtithe ar éirigh leo cúrsa oiliúna a chur i gcrích ([6]).	Costais incháilithe uile na hoibríochta, seachas liúntais arna n-íoc le rannpháirtithe, lena n-áirítear liúntais iompair.	An líon rannpháirtithe ar éirigh leo cúrsa oiliúna a chur i gcrích.	Féach colún 3.2.1 den Tábla ag pointe 3.2. I gcás na Réigiún sin sna Ballstáit a liostaítear i bpointe 3.3: — méadófar na méideanna a leagtar amach i bpointe 3.2 do na Ballstáit ábhartha faoin innéacs don Chlár Oibríochtúil réigiúnach ábhartha a leagtar amach i bpointe 3.3; — i gcás ina gcumhdaíonn clár oibríochtúil níos mó ná réigiún amháin, ríomhfar an méid atá le haisíoc trí leas a bhaint as an innéacs don réigiún ina gcuirtear an oibríocht nó an tionscadal chun feidhme.

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)
				I gcás ina n-úsáidtear na costais aonaid seo in iarratais íocaíochta arna gcur isteach chuig an gCoimisiún i gcomhair oibríochta faoi Chlár Oibríochtúil, úsáidfear an costas aonaid is infheidhme freisin le haghaidh gach oibríochta a bhaineann le hoiliúint daoine cláraithe dífhostaithe, daoine ag lorg poist nó daoine neamhghníomhacha faoin gClár Oibríochtúil céanna. I gcás ina gcumhdaíonn Clár Oibríochtúil níos mó ná réigiún amháin agus go seachadtar é trí roinnt Comhlachtaí Idirmheánacha, ní bhaineann an oibleagáid chun na costais aonaid infheidhme a úsáid in iarratais íocaíochta arna gcur isteach chuig an gCoimisiún le haghaidh gach oibríochta oiliúna a bhaineann le hoiliúint daoine cláraithe dífhostaithe, daoine ag lorg poist nó daoine neamhghníomhacha ach amháin ag leibhéal an Chomhlachta Idirmheánaigh a úsáideann an costas aonaid sin.
3. Aon oibríocht a bhaineann le soláthar seirbhísí comhairleoireachta a bhaineann le fostaíocht ([7]) do dhaoine cláraithe dífhostaithe, daoine ag lorg poist nó daoine neamhghníomhacha, seachas cineálacha oibríochtaí lenar bunaíodh roghanna costais simplithe in iarscríbhinn eile a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe seo.	1. Ráta in aghaidh na huaire le haghaidh soláthar seirbhísí comhairleoireachta 2. Ráta in aghaidh na míosa le haghaidh soláthar seirbhísí comhairleoireachta 3. Ráta in aghaidh na bliana le haghaidh soláthar seirbhísí comhairleoireachta	Costais incháilithe uile na hoibríochta, seachas liúntais arna n-íoc le rannpháirtithe	1. An líon uaireanta an chloig de sheirbhísí comhairleoireachta a soláthraíodh ([8]) 2. An líon míonna de sheirbhísí comhairleoireachta a soláthraíodh 3. An líon blianta de sheirbhísí comhairleoireachta a soláthraíodh	Agus an ráta míosúil nó bliantúil á gcur i bhfeidhm i gcás soláthar páirtaimseartha, bunófar an méid ar bhonn pro rata an ráta mhíosúil nó bhliantúil. Féach colúin 3.2.2, 3.2.3 agus 3.2.4 den Tábla ag pointe 3.2. I gcás na Réigiún sin sna Ballstáit a liostaítear i bpointe 3.3: — méadófar na méideanna a leagtar amach i bpointe 3.2 do na Ballstáit ábhartha faoin innéacs don Chlár Oibríochtúil réigiúnach ábhartha a leagtar amach i bpointe 3.3; — i gcás ina gcumhdaíonn cláir oibríochtúil níos mó ná réigiún amháin, ríomhfar an méid atá le haisíoc trí leas a bhaint as an innéacs don réigiún ina gcuirtear an oibríocht nó an tionscadal chun feidhme.

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)
				I gcás ina n-úsáidtear na costais aonaid seo in iarratais íocaíochta arna gcur isteach chuig an gCoimisiún le haghaidh oibríochta faoi Chlár Oibríochtúil, úsáidfear an costas aonaid is infheidhme freisin le haghaidh gach oibríochta a bhaineann le soláthar seirbhísí comhairleoireachta a bhaineann le fostaíocht faoin gClár Oibríochtúil céanna. I gcás ina gcumhdaíonn Clár Oibríochtúil níos mó ná réigiún amháin agus go seachadtar é trí roinnt Comhlachtaí Idirmheánacha, ní bhaineann an oibleagáid chun na costais aonaid infheidhme a úsáid in iarratais íocaíochta arna gcur isteach chuig an gCoimisiún le haghaidh gach oibríochta oiliúna a bhaineann le soláthar seirbhísí comhairleoireachta a bhaineann le fostaíocht ach amháin ag leibhéal an Chomhlachta Idirmheánaigh a úsáideann an costas aonaid sin.
4. Aon oibríocht a bhaineann le soláthar oiliúna do dhaoine fostaithe seachas cineálacha oibríochtaí lenar bunaíodh roghanna costais simplithe in iarscríbhinn eile a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe seo.	1. Ráta oiliúna in aghaidh na huaire arna soláthar do dhaoine fostaithe 2. Ráta tuarastail in aghaidh na huaire arna íoc le fostaí fad atá sé ar chúrsa oiliúna.	Costais incháilithe uile na hoibríochta. I gcás nach costas incháilithe é tuarastal an fhostaí fad atá sé ar chúrsa oiliúna, ní aisíocfar ach costas aonaid 1. I gcás ina meastar nach costas incháilithe é tuarastal an fhostaí fad atá sé ar chúrsa oiliúna, d'fhéadfaí an méid carntha ó chostais aonaid 1 agus 2 a aisíoc.	1. An líon uaireanta oiliúna a cuireadh i gcrích ([9]) do dhaoine fostaithe in aghaidh an rannpháirtí. 2. An líon uaireanta tuarastail arna íoc le fostaithe fad atá siad ar chúrsa oiliúna ([10]).	Féach colúin 3.2.5 agus 3.2.6 den Tábla ag pointe 3.2. I gcás na Réigiún sin sna Ballstáit a liostaítear i bpointe 3.3: — méadófar na méideanna a leagtar amach i bpointe 3.2 do na Ballstáit ábhartha faoin innéacs don Chlár Oibríochtúil réigiúnach ábhartha a leagtar amach i bpointe 3.3; — i gcás ina gcumhdaíonn cláir oibríochtúil níos mó ná réigiún amháin, ríomhfar an méid atá le haisíoc trí leas a bhaint as an innéacs don réigiún ina gcuirtear an oibríocht nó an tionscadal chun feidhme.

An cineál oibríochtaí	Ainm an táscaire	Catagóir costas	Aonad tomhais do na táscairí	Méideanna (in EUR)
